# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Henna VIRKKUNEN

## An Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus Daonlathas

**1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí agus de do thaithí phearsanta atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Reáchtáladh an reifreann ar bhallraíocht na Fionlainne san Aontas Eorpach 30 bliain ó shin. Tráth cinniúnach domsa a bhí sa reifreann sin, mar ba í an ghluaiseacht 'Vótáil ar son na ballraíochta' a thug orm leis an bpolaitíocht. Muidne a bhí ag obair ar son na ballraíochta, theastaigh uainn go mbeadh an Fhionlainn ina ball de ghrúpa sochaithe oscailte Eorpacha a thugann urraim do dhínit an duine, don daonlathas, don chomhionannas, do chearta an duine, don smacht reachta agus don tsaoirse. Cur chun cinn an smaoinimh choitinn Eorpaigh agus an tionscadail choitinn Eorpaigh, b'in a thug orm a bheith i mo pholaiteoir.

Tá dúshlán á thabhairt do bhunluachanna an Aontais Eorpaigh anois ar bhealach nach bhfacthas riamh roimhe seo. Má dheimhníonn Parlaimint na hEorpa m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh, gníomhóidh mé ar son na luachanna sin ar bhealach níos cinntithí fós. Tá dúshláin le sárú ag ár sochaithe, ach creidim go daingean gur féidir na deacrachtaí sin a shárú. Ní mór dúinn níos mó idirphlé a dhéanamh agus fonn tuisceana a bheith orainn. Tá réitigh, céimeanna daingne agus treoir choiteann don todhchaí de dhíth orainn. Mar a luaitear i dtreoirlínte polaitiúla an Uachtaráin thoghaí Ursula von der Leyen, ní mór dúinn anois dul i bhfad níos tapúla agus i bhfad níos faide chun ár slándáil, ár n-iomaíochas agus ár rathúnas a áirithiú, chomh maith leis an gcothroime shóisialta. Chuige sin, teastaíonn an cumas chun éisteacht agus chun idirphlé a dhéanamh, agus scil an chomhréitigh agus an díograis chun réiteach a fháil ar thuairimí a bhíonn an-éagsúil go minic. Chun a áirithiú go mbeidh an Eoraip rathúil agus slán, ní mór dúinn táirgiúlacht a fheabhsú tríd an nuálaíocht dhigiteach. San am céanna, chun fanacht dílis dár luachanna maidir leis an daonlathas, le cearta an duine agus le saoirsí aonair, ní mór daoine agus a gcuid riachtanas a chur i gcroílár na teicneolaíochta. Cé go ndíreoinn ar na dlíthe digiteacha a d'achtaigh comhreachtóirí go dtí seo a fhorfheidhmiú agus a chur chun feidhme, ba cheart dúinn oibriú le chéile chun ceannasacht dhigiteach agus ceannaireacht dhigiteach na hEorpa a dhaingniú. Ní hamháin go neartóidh sé sin ár slándáil, ach neartóidh sé ár sochaithe agus ár ngeilleagair ina n-iomláine freisin, chomh maith le hathléimneacht ár ndaonlathas.

Tá breis agus 10 mbliana caite agam ag obair mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa agus 6 bliana roimhe sin mar Aire agus mar Chomhalta de Pharlaimint na Fionlainne. Is minic a bhí mo chuid oibre dírithe ar bheartais tionsclaíochta, dhigiteacha agus nuálaíochta, ar ábhair iad sin atá ábhartha do na sainchúraimí atá beartaithe maidir le Ceannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus Daonlathas. Le déanaí, mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa, bhí an deis agam an t-aistriú digiteach a chur chun cinn a bhuí le mo róil éagsúla mar Rapóirtéir agus Scáth-Rapóirtéir. Ba chuid lárnach de mo ghníomhaíochtaí polaitiúla iad áirithiú na slándála inmheánaí agus na slándála seachtraí, chomh maith le cur chun cinn na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na dteicneolaíochtaí ceannródaíocha. Má dheimhníonn an Pharlaimint m'ainmniúchán, déanfaidh mé mo dhícheall cur chuige comhleanúnach a chruthú

maidir le conas an teicneolaíocht a úsáid chun slándáil agus iomaíochas an Aontais a neartú, agus ceanglais cosanta sonraí á n-urramú go hiomlán agus é á áirithiú san am céanna go n-úsáidfear uirlisí ar nós na hIntleachta Saorga ar bhealach slán sábháilte.

An chothromaíocht agus cóir chomhionann, is iad sin na rudaí a spreagann go mór mé mar pholaiteoir. Creidim go láidir go bhfuil gá le gníomhaíochtaí ar fud earnálacha éagsúla den tsochaí chun comhionannas a bhaint amach. Mar shampla nithiúil, sna sainchúraimí a leag Uachtarán toghaí an Choimisiúin orm, is príomh-mhisean é an Eoraip a chur ar thús cadhnaíochta i dteicneolaíochtaí nua. Ní féidir é seo a dhéanamh mura n-éireoidh linn cailíní agus mná a mhealladh chuig réimsí ETIM. Ní mór dúinn an leas is fearr a bhaint as na daoine is cumasaí chun tacú le ceannasacht theicneolaíoch na hEorpa. Ar an gcaoi chéanna, thabharfainn aird ar leith ar ghné na hinscne i réimsí eile na sainchúraimí a bheadh orm: tá sé ríthábhachtach peirspictíochtaí inscne a phríomhshruthú i mbeartais a bhaineann leis an tslándáil agus leis an daonlathas chun réitigh níos cuimsithí, níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe a chruthú. Le beartais atá inscne-íogair, is féidir linn aghaidh a thabhairt ar thionchair éagsúla na mbagairtí slándála ar ghrúpaí éagsúla agus ar na dúshláin dhaonlathacha atá rompu, agus a áirithiú go gcuirtear guthanna agus riachtanais na mban san áireamh.

Go praiticiúil, tá rannpháirtíocht na mban á cur chun cinn agam i ngach gné den saol trí fheidhmiú i m'Uachtarán ar Chumann Ban an Pháirtí Comhghuaillíochta Náisiúnta agus i m'Uachtarán ar chlub daorchluiche na mban Jyväskylän Kirittäret. Cur chun cinn an chomhionannais inscne agus urraim do chearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, beidh an dá rud sin ina bpríomhspreagthóirí i gcónaí agam agus mé i mbun rannpháirtíocht phoiblí.

Ar an gcaoi chéanna, tá sé ríthábhachtach go dtabharfaimid aird ar leith ar dhearcadh na ndaoine óga a múnlófar a saoil amach anseo leis cinntí a dhéanaimid inniu. Agus mé i m'Fheisire de Pharlaimint na hEorpa, is minic a bhí mé i mbun idirphlé le grúpaí daoine óga i gcineálacha éagsúla scoileanna agus institiúidí oideachais. Is é an t-ábhar a tháinig chun cinn i mbeagnach gach cruinniú acu sin na hábhair imní a bhíonn ag daoine óga agus na brúnna a bhíonn orthu maidir lena dtodhchaí. Ba cheart dúinne, mar chinnteoirí, díriú ar thodhchaí a chruthú ina dtacófar leis an nglúin óg agus ina bhfeiceann siad deiseanna dóibh féin. Ba mhaith liom an Eoraip a bheith ina háit inar féidir le daoine óga a saol a thógáil agus a n-aislingí a shaothrú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, déanfaidh mé Idirphlé bliantúil Beartais leis an Aos Óg san Eoraip; príomhshruthú inscne agus príomhshruthú na hóige araon a chomhtháthú go hiomlán in obair an Choimisiúin Eorpaigh, bheadh an obair sin gar do mo chroí. Bheadh sé ina ardtosaíocht agam freisin cuairt a thabhairt ar na Ballstáit go rialta. Ba cheart don Choimisiún oibriú le saoránaigh an Aontais agus ar son shaoránaigh an Aontais.

Tá meas agam ar na bunchlocha ar ar thógamar an Eoraip: urraim bhunúsach dár n-údaráis dhaonlathacha agus dár n-institiúidí daonlathacha, don smacht reachta, don chóir chomhionann, don chomhréireacht agus don rathúnas. Geallaim go gcomhlíonfaidh mé na caighdeáin eiticiúla is airde agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 17.3, 245 agus 339 CFAE agus sa Chód Iompair do Choimisinéirí.

Tá mo dhearbhú leasanna líonta isteach agus tá rochtain ag an bpobal air agus déanfar é a thabhairt cothrom le dáta má bhíonn athruithe ann. Rud doshannta é an neamhspléachas, dar liom. Seachnóidh mé aon chás ina bhféadfaí mo neamhchlaontacht agus mo neamhspleáchas a cheistiú. Cuirfidh mé Uachtarán an Choimisiúin ar an eolas faoi aon chás a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ag baint leis.

**2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

Is mór an onóir dom a bheith i m'Fheisire de Pharlaimint na hEorpa le breis agus 10 mbliana anuas. Tá meas mór agam ar mo chomhghleacaithe agus ar fhórsa daonlathach na hinstitiúide, agus creidim go daingean gur féidir linn níos mó a bhaint amach ar mhaithe le saoránaigh na hEorpa tríd an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach a neartú.

Táim tiomanta d'idirphlé oscailte córasach le Parlaimint na hEorpa chun a áirithiú gur féidir leis an bParlaimint a cumhachtaí reachtacha agus a formhaoirseacht dhaonlathach a fheidhmiú go héifeachtach. Chuige sin, tá gá le sreabhadh trédhearcach faisnéise maidir le príomhimeachtaí agus príomhchéimeanna na caibidlíochta. Trí fhaisnéis ábhartha thráthúil a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa, cuirtear feabhas ar cháilíocht agus ar éifeachtúlacht na bpróiseas cinnteoireachta. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Chomhalta den Choláiste, déanfaidh mé mo dhícheall páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí iomlánacha, i gcruinnithe Coiste agus i gcruinnithe tríthaobhacha a bhaineann leis na sainchúraimí atá beartaithe dom. Ar an iomlán, ba cheart stádas Pharlaimint na hEorpa mar chomhreachtóir comhionann leis an gComhairle a leabú go soiléir in obair an Choláiste i gcónaí. Áiritheoidh mé go dtabharfar ardtosaíocht d'aon Rún faoi Airteagal 225 a ghlacann an Pharlaimint ina n-iarrtar tograí reachtacha i réimsí atá faoi mo shainchúraimí ar chlár oibre an Choimisiúin agus go ndéanfar idirphlé struchtúrtha leis an gCoiste Parlaiminteach freagrach ina dhiaidh sin.

Táim ag tnúth freisin le dul i dteagmháil le Parlaimint na hEorpa chun a áirithiú gur féidir le saoránaigh agus gnólachtaí tairbhe a bhaint as dlíthe agus beartais an Aontais. Bheadh sé an-úsáideach tacú leis an gCoimisiún sa ról atá aige cur chun feidhme a bhrú chun cinn toisc nach gcuideoidh cinntí polaitiúla, ráitis pholaitiúla ná fiú an reachtaíocht is déine linn dul chun cinn a dhéanamh ach amháin má áirithímid go gcloítear lenár rialacha comhchoiteanna freisin.

Measaim go bhfuil sé an-tábhachtach cumarsáid oscailte, ionraic agus leanúnach a bheith agam le Parlaimint na hEorpa agus lena Feisirí. Tá sé d'aidhm agam trédhearcacht a bhaint amach agus tionscnaimh nua á n-ullmhú agus tá sé tábhachtach dom go n-éistfear lenár bpáirtithe leasmhara agus lenár saoránaigh a bhfuil dearcthaí éagsúla acu freisin.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, leanfaidh mé d'ardchaighdeáin trédhearcachta a chur i bhfeidhm maidir le cruinnithe le hionadaithe sainleasa, mar a rinne mé i mo ról mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa.

Sula ndeachaigh mé leis an bpolaitíocht, bhí mé ag obair mar iriseoir. I bhfianaise bhagairtí na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise freisin, measaim go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach páirt a ghlacadh sa díospóireacht phoiblí agus faisnéis thráthúil chruinn a chur ar fáil do shaoránaigh trí bhíthin na meán freisin. Má dheimhníonn an Pharlaimint m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin, déanfaidh mé mo dhícheall freisin teagmháil a dhéanamh le pobail níos leithne agus gníomhaíochtaí agus cinntí an Choimisiúin a chur in iúl go gníomhach do shaoránaigh an Aontais.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Taighde agus um Fhuinneamh</u>

*3. Cén fhís atá agat do do shainchúraimí de bhreis ar do litir mhisin agus cén oidhreacht ar mhaith leat a bheith agat? Cad iad na tograí reachtacha agus na tionscnaimh eile a mholfaidh tú do Choláiste na gCoimisinéirí lena nglacadh sna cúig bliana amach romhainn agus go háirithe sa chéad 100 lá? Conas a áiritheoidh tú go neartódh na tograí sin, chomh maith le cur chun feidhme na reachtaíochta atá ann cheana, iomaíochas na hEorpa? An bhfuil sé i gceist agat na tograí reachtacha sin a bhunú ar mheasúnuithe tionchair tiomnaithe? Cad iad na pleananna atá agat go háirithe don Ghníomh um Líonraí Digiteacha, do Ghníomh an Aontais um Fhorbairt Néalríomhaireachta agus IS, don bheartas aonair Néalríomhaireachta ar fud an Aontais agus do Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Sonraí? Cad iad na bearta nithiúla a mholfaidh tú chun a áirithiú go mbainfidh an Eoraip a spriocanna don Deacáid Dhigiteach 2030 amach, lena n-áirítear i ndáil le scileanna digiteacha? Cad iad do thuairimí maidir leis an Scéim Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála do Néalseirbhísí (EUCS) agus na moltaí i dtuarascáil Draghi maidir le néalseirbhísí?*

Mar gheall ar theicneolaíochtaí nua, tá an domhan ag athrú níos tapúla ná riamh, agus tá athruithe níos mó fós le teacht leis an intleacht shaorga, le teicneolaíochtaí candamacha agus le bith-theicneolaíochtaí. Tá an rogha seo a leanas le déanamh againn: is féidir linn oiriúnú, glacadh le teicneolaíochtaí nua agus a bheith rathúil, nó is féidir linn a bheith i mbaol titim chun deiridh, agus a bheith ag brath ar thíortha eile i gcónaí. D'fhágfadh an dara rogha sin nach mbeimis in ann an leibhéal leasa atá againn faoi láthair a choinneáil, an comhshaol a chosaint nó fiú amháin muid féin a choinneáil slán. Is ann don bhearna iomaíochais idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe mar gheall, den chuid is mó, ar earnáil teicneolaíochta na Stát Aontaithe a bheith faoi bhláth agus ar ghlacadh tapa teicneolaíochtaí sna Stáit Aontaithe. Má dhearbhaíonn Parlaimint na hEorpa m'ainmniúchán, beidh sé ina thosaíocht thábhachtach le haghaidh an tsainordaithe a bheidh agam amach anseo an bhearna sin a líonadh. Níor cheart an teicneolaíocht a bheith ina laige nuair is féidir léi a bheith ina láidreacht. Ní mór dúinn smacht a bheith againn ar an todhchaí.

Tá uair na cinniúna buailte linn maidir le slándáil na hEorpa freisin. Is mian liom obair a dhéanamh san Eoraip agus oibriú lenár gcomhghuaillithe chun a áirithiú go mbeimid in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an gcomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair. Chun geilleagar agus sochaí na hEorpa a chosaint, ní mór, thar aon ní eile, príomhluachanna an smachta reachta, an daonlathais agus na gceart bunúsach a chosaint. Tá ról ríthábhachtach ag ár mbeartas digiteach maidir leis an mbréagaisnéis a chomhrac agus earnáil bhríomhar, neamhspleách agus shaor na meán a spreagadh.

Má oibrímid le chéile, is iad an cheannasacht teicneolaíochta, an tslándáil agus an daonlathas na bunchlocha ar ar féidir linn todhchaí na hEorpa a thógáil, agus lenar féidir linn a áirithiú go bhfuil an Eoraip fós ar an áit is fearr ar domhan dár leanaí a bheith ina gcónaí ann. Is iad na nithe sin a bheadh ina bpríomhchuspóirí agam le haghaidh mo shainordaithe.

In éineacht libhse, is mian liom Aontas a mhúnlú a dhéanann nuáil, a tháirgeann agus, nuair is gá, a rialaíonn ar bhealach a sheasfaidh an aimsir. Is mian liom Aontas a mhúnlú a laghdaíonn an rómhaorlathas, a chuireann an nuálaíocht i gcroílár aistriú radacach i dtreo táirgiúlachta, a infheistíonn sa tslándáil inmheánach agus sheachtrach agus a choinníonn na caighdeáin is airde ar domhan maidir leis an daonlathas agus an smacht reachta. San am céanna, creidim gur cheart don Aontas leanúint de ról ceannasach a bheith aige sa rialachas digiteach domhanda, agus ár bhfís dhuinelárnach agus ár luachanna coiteanna Eorpacha, ar a bhfuil ár rialacha bunaithe, a chur chun cinn ar fud an domhain.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, déanfaidh mé athbhreithniú ar na beartais atá againn faoi láthair agus molfaidh mé gníomhaíochtaí nithiúla nua a sheasfaidh an aimsir agus a mbeidh torthaí soiléire agus intomhaiste orthu, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí a luaitear sa litir mhisin a cuireadh chugam, chun na cuspóirí agus na spriocanna beartais a leagamar síos sa Deacáid Dhigiteach a bhaint amach agus muid ag druidim le 2030. Tá athrú paraidíme de dhíth orainn atá bunaithe ar chúig shraith ghníomhaíochta chun iomaíochas na hEorpa a neartú:
ar an gcéad dul síos, ní mór tacú le cumas nuálaíochta cuideachtaí Eorpacha, agus go háirithe FBManna, atá ag obair ar fud earnálacha, agus an tairseach a ísliú dár ngnólachtaí chun teicneolaíochtaí nuálacha ar nós na hintleachta saorga a ghlacadh.
ar an dara dul síos, thacóinn le cur chun feidhme éifeachtach, forfheidhmiú agus simpliú rialacha agus rialachán agus leis an maorlathas a laghdú trí theicneolaíocht a úsáid chun an t-ualach rialála atá ar ár ngnólachtaí a laghdú.
Ar an tríú dul síos, ba cheart dúinn díriú ar scileanna, ionas go mbeidh deis ag gach duine a bheith rannpháirteach sa réabhlóid dhigiteach. Ní mór dúinn dlús a chur leis an obair chun an bhearna in ardscileanna digiteacha a dhúnadh, go háirithe leis an obair chun líon na mbanspeisialtóirí TFC san Eoraip a ardú.
Ar an gceathrú dul síos, ní mór leas a bhaint as acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na dteicneolaíochtaí ceannródaíocha chun ár saoil a fheabhsú agus ár dtimpeallachtaí maireachtála a dhéanamh níos glaise, níos sláine agus níos cuimsithí. D'áiritheoinn freisin go dtabharfaí aghaidh mar is ceart ar éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála TFC agus go mbainfimis leas as an intleacht shaorga ina leith sin.
Ar deireadh, ba mhaith liom feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanann an earnáil phoiblí beart de réir briathair dár saoránaigh in earnálacha ar nós na sláinte. An earnáil phoiblí, agus an Coimisiún san áireamh, ba cheart dóibh glacadh le réitigh nuálacha chun freastal ar riachtanais na saoránach ar bhealach níos fearr.

Chun an méid sin ar fad a bhaint amach agus chun tairbhe a bhaint as iomaíochas na hEorpa, ní mór dúinn gníomhú go tapa. Ciallaíonn sé sin, ar an gcéad dul síos, reachtaíocht atá ann cheana a chur chun feidhme go hiomlán – ní mór dúinn a fhiafraí dínn féin i gcónaí an féidir an toradh a bhaint amach trí na rialacha atá ann cheana a fhorfheidhmiú nó a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr. I ndomhan atá ag athrú go tapa, áfach, ba cheart dúinn reachtaíocht nua atá fabhrach don nuálaíocht a mholadh nuair is gá – agus measúnuithe tionchair cuí a dhéanamh ina mbeidh na páirtithe leasmhara ábhartha uile rannpháirteach, agus ina mbeidh anailís láidir costais is tairbhe freisin. Ba cheart rialacha nua a bheith níos simplí, agus ba cheart iad a bheith spriocdhírithe agus inrochtana.

Ba cheart gurbh í an Eoraip mór-roinn na hintleachta saorga. Is é sin an fáth, má dheimhnítear m'ainmniúchán, go ndíreoidh mé ar an **Tionscnamh um Monarchana IS** inár gcéad 100 lá. Cé go ndíríonn an Tionscnamh um Monarchana IS ar rochtain ar ríomhaireacht ardfheidhmíochta den chéad scoth a áirithiú do ghnólachtaí nuathionscanta agus tionscal na hintleacht saorga, maidir leis an n**Gníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga** (tá tuilleadh faisnéise faoi seo sa fhreagra uaim ar cheist 6), rachaidh sí i ngleic leis an mbearna ghéar i bpróiseáil sonraí ginearálaithe agus in acmhainneacht ríomhaireachtúil a chuireann bac ar chuideachtaí Eorpacha faoi láthair intleacht shaorga a fhorbairt agus a chur in úsáid. Is é sin an fáth a mbeidh bearta i n**Gníomh an Aontais um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga** chun

nuálaíocht a spreagadh, borradh a chur faoin infheistíocht, an rómhaorlathas a laghdú agus teicneolaíochtaí a chur chun cinn ar féidir leo spriocanna uaillmhianacha éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach.

Maidir leis an néalríomhaireacht go sonrach, tá sé tábhachtach a bheith oscailte do sholáthraithe tríú tíortha, agus slándáil ár slabhra soláthair á háirithiú, agus an leas dlisteanach maidir le réitigh 'néalríomhaireachta ceannasacha' i bhfeidhmeanna atá thar a bheith íogair á chur san áireamh san am céanna. A bhuí le forálacha cosanta an Ghnímh um Shonraí, d'áirithíomar go mbeidh na sonraí a stórálann soláthraithe néalseirbhísí san Eoraip fós sábháilte ó rochtain neamhdhlisteanach nó ó aistrithe neamhdhlisteanacha ag rialtais nach rialtais de chuid an Aontais iad, ach ní mór dúinn níos mó a dhéanamh i gcás feidhmeanna atá thar a bheith íogair. Dá bhrí sin, de réir chomhairle an Ollaimh Draghi, má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuirfidh mé **beartas aonair Néalríomhaireachta ar fud an Aontais** chun cinn le haghaidh riarachán poiblí agus soláthair phoiblí. Agus a gcuid seirbhísí á dtairiscint acu do riaracháin phoiblí, is minic a bhíonn ar néalsoláthraithe dul i ngleic le ceanglais éagsúla i mBallstáit éagsúla, agus fiú i ranna éagsúla den riarachán poiblí céanna. Is ualach trom é sin do sholáthraithe beaga go háirithe. San am céanna, is deacair do riaracháin phoiblí na seirbhísí is fearr a chomhlíonann a riachtanais ó thaobh na slándála agus na ceannasachta de a shainaithint. Mholfainn cur chuige coiteann uile-Aontais i leith sonraíochtaí tairisceana, creat coiteann slándála sonraí agus margadh atá múnlaithe ag an Aontas le haghaidh seirbhísí néalbhunaithe atá slán agus nuálach. D'fhéadfadh seirbhísí den sórt sin a bheith oiriúnach freisin d'úsáidí tráchtála níos íogaire.

Is díol sásaimh dom **Scéim dheonach an Aontais um Dheimhniú Cibearshlándála le haghaidh Néalseirbhísí** toisc go mbeidh níos mó trédhearcachta ann maidir le leibhéal slándála néalseirbhísí. A luaithe a bheidh an scéim i bhfeidhm, tabharfaidh sí aghaidh ar an ilroinnt atá ann faoi láthair maidir le deimhniú agus laghdóidh sí na bacainní airgeadais atá ar sholáthraithe néalréitigh shlána a thairiscint ar fud an Aontais. San am céanna, le cois na gceanglas teicniúil, tuigim na dúshláin slándála atá ann sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair. Thabharfainn aird ar na dúshláin sin agus mé ag obair ar na tionscnaimh éagsúla néalríomhaireachta le linn thréimhse mo shainordaithe.

Ina theannta sin, má dheimhníonn Parlaimint na hEorpa m'ainmniúchán, seolfaidh mé comhairliúchán le páirtithe leasmhara go luath maidir le **Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga** (tá tuilleadh faisnéise faoi seo faoi Cheist 4) toisc nach mór dúinn féachaint freisin ar thaobh an éilimh san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí. Comhlánófar é sin le **Straitéis um Aontas Sonraí Eorpach** atá nasctha leis an nGníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga, chun leas breise a bhaint as acmhainneacht na sonraí. Ní mór an príobháideachas a chosaint i gcónaí, agus beidh orainn a áirithiú go bhfanfaidh creat cosanta sonraí an Aontais i gcomhréir leis an gclaochlú digiteach, agus go mbeidh sí ag freagairt do riachtanais tráchtála agus forfheidhmithe dlí, agus an t-ardchaighdeán céanna cosanta sonraí á chomhlíonadh san am céanna.

Mar chuid de na hiarrachtaí chun cibearshlándáil ár n-eintiteas is criticiúla a neartú, ullmhóimid **plean gníomhaíochta um chibearshlándáil ospidéal agus soláthraithe cúraim sláinte** lena ghlacadh sna chéad 100 lá.

Ní bheifear in ann ár spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach gan rochtain níos fearr ar nascacht shlán, thapa agus iontaofa, mar chuid dár straitéis níos leithne maidir le ríomhaireacht chomhoibríoch nasctha. Ní mór dúinn infheistíocht sa bhonneagar digiteach a dhreasú agus an Margadh Aonair a chomhlánú. Cuirfidh sé sin an Eoraip ar thús cadhnaíochta sa chéad ghlúin eile de bhonneagar cliste digiteach agus slán, lena n-áirítear 6G, mar chuid den chlaochlú tionsclaíoch glan. Dá bhrí sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, ullmhóidh mé **Gníomh um Líonraí Digiteacha** chun borradh a chur faoi leathanbhanda ardluais slán, agus leathanbhanda fosaithe agus leathanbhanda gan sreang san áireamh. Tá athrú tapa ag teacht ar thírdhreach na nascachta digití i bhfianaise chóineasú na teicneolaíochta teileachumarsáide, na néalríomhaireachta agus na himeall-teicneolaíochta, rud atá spreagtha ag an bhfíorú agus ag an intleacht shaorga. Dá bhrí sin, tá gá le creat rialála a dhreasóidh forbairt bonneagar comhtháite nascachta agus ríomhaireachta agus a áiritheoidh cothrom iomaíochta do sholáthraithe bonneagair agus seirbhísí comhchosúla. D'ullmhófaí an tionscnamh nua agus aiseolas na bpáirtithe leasmhara ar Pháipéar Bán an Choimisiúin ó mhí Feabhra 2024 maidir le todhchaí na cumarsáide leictreonaí á chur san áireamh, agus thógfaí ar an athbhreithniú atá beartaithe ar an gcreat atá ann cheana, agus ar thuarascálacha Letta agus Draghi freisin. Is é an sprioc a bheadh agam an margadh aonair le haghaidh nascachta a chomhlánú, ar gá athchóiriú a dhéanamh ar bheartais speictrim ina leith, agus inniúlachtaí comhroinnte á n-urramú san am céanna.

Ní éireoidh leis na tionscnaimh sin go léir ach amháin má dhéantar infheistíocht sa tsócmhainn is luachmhaire atá ag an Eoraip: na daoine atá againn. Mar a cuireadh i bhfios go láidir sna Treoirlínte Polaitiúla, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún béim ar leith a leagan ar chruthú, forbairt agus cur in úsáid na scileanna atá de dhíth orainn, sa lá atá inniu ann agus amach anseo, go háirithe na scileanna sin atá de dhíth don dá aistriú. Táim ag tnúth le bheith ag obair leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht agus le

comhghleacaithe eile sa Choláiste chun é sin a thabhairt ar aghaidh má dheimhníonn an Pharlaimint m'ainmniúchán.

*4. Conas a shainíonn sibh ceannasacht teicneolaíochta agus iomaíochas an Aontais? Conas is féidir leis an Aontas an méid sin a bhaint amach? I ndáil leis sin, cad iad na spriocanna agus na táscairí a leagfaidh tú síos chun a áirithiú go mbeidh dul chun cinn suntasach déanta faoi dheireadh do shainordaithe? Conas a threiseoidh tú seasamh earnáil teicneolaíochta an Aontais maidir le crua-earraí agus bogearraí araon, trí chur chuige iomlánaíoch a úsáid, agus cad iad na bearta láithreacha a dhéanfaidh tú chun ceannasacht teicneolaíochta a chinntiú agus iomaíochas na n-ardán Eorpach a chur chun cinn? Cad iad na pleananna atá agat maidir le teicneolaíochtaí digiteacha agus teorann, amhail an intleacht shaorga, an tsár-ríomhaireacht, an ríomhaireacht chandamach agus teicneolaíochtaí candamacha, leathsheoltóirí, an teicneolaíocht spáis agus Idirlíon na Rudaí Nithiúla? Cad iad na bearta atá beartaithe agat chun úsáid shábháilte, iontaofa agus dhuinelárnach teicneolaíochtaí digiteacha a áirithiú? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat cur chun feidhme éifeachtach an Ghnímh Eorpaigh um Shliseanna a chinntiú agus slabhraí soláthair leathsheoltóirí an Aontais a neartú? Cad iad na pleananna atá agat chun an Gníomh um Shliseanna a leathnú, lena n-áirítear tacaíocht do dheighleoga straitéiseacha tionscail agus do thionscail chóngaracha, agus do phlean fadtéarmach an Aontais maidir le sliseanna candamacha? Conas a chuirfidh tú feabhas ar chomhordú agus ar rannpháirtíocht an Aontais i gcomhlachtaí idirnáisiúnta a leagann síos caighdeáin TFC agus conas a chuirfidh tú noirm agus caighdeáin dhigiteacha an Aontais chun cinn go hidirnáisiúnta?*

Tá sé ríthábhachtach ár spleáchas a laghdú agus acmhainneacht na hEorpa i réimse na dteicneolaíochtaí criticiúla a neartú chun an t-iomaíochas inbhuanaithe is gá le haghaidh leas agus rathúnas na saoránach a chur ar fáil. Le ceannasacht teicneolaíochta agus iomaíochas an Aontais, tugtar an deis dúinn gníomhú go neamhspleách i dtimpeallacht dhomhandaithe, agus gníomhaithe nach gcloíonn le luachanna Eorpacha á ndí-rioscú san am céanna. Dá bhrí sin, ba cheart dúinn, in éineacht leis na Ballstáit, dlús a chur lenár gcistiú T&F, an tacaíocht a chuirimid ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus do FBManna nuálacha a mhéadú – mar shampla trí chistiú fáis agus soláthar lúfar – agus úsáid teicneolaíochtaí atá bunaithe san Aontas a chur chun cinn.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh sé de chuspóir agam ár spleáchais theicneolaíocha a laghdú go mór. Ar bhonn an mheasúnaithe chríochnúil a seoladh anuraidh ar na spleáchais chriticiúla agus na bearnaí teicneolaíochta atá againn, agus ar shlabhraí soláthair criticiúla le haghaidh shócmhainní agus bhonneagair straitéiseacha an Aontais, le tacaíocht ó Fhaireachlann an Aontais um Theicneolaíochtaí Criticiúla, mholfainn bearta chun na bearnaí sin a líonadh. D'áiritheoinn go leanfadh measúnuithe riosca ar theicneolaíochtaí criticiúla de bheith ina gcuid de bhreithnithe slándála eacnamaíche, lena n-áirítear na breithnithe ar cuireadh tús leo cheana maidir le leathsheoltóirí ardfhorbartha, intleacht shaorga, teicneolaíochtaí candamacha agus bith-theicneolaíochtaí, agus go mbeadh bearta nithiúla mar thoradh orthu a thabharfadh tús áite don chomhar lenár gcomhpháirtithe atá ar aon intinn linn.

Ó thaobh na cibearshlándála de, ciallaíonn ceannasacht teicneolaíochta an Aontais tionscal cibearshlándála agus cibearchosanta láidir iontaofa a bheith againn ar féidir leis réitigh shlándála a chur ar fáil dár mbonneagar digiteach criticiúil. Chun é sin a bhaint amach, ní mór spleáchais chriticiúla ar sholáthróirí aonair a sheachaint agus ár slabhra soláthair a dhí-rioscú ó sholáthróirí ardriosca bunaithe ar mheasúnuithe riosca slándála uile-Aontais a comhaontaíodh, lena n-áirítear trí oibriú leis na Ballstáit chun cur chun feidhme bhosca uirlisí 5G a fhorfheidhmiú go héifeachtach. Chuige sin, níor cheart aon leochaileacht aitheanta a bheith ag ár ngléasanna nasctha uile in Idirlíon na Rudaí Nithiúla nuair a théann siad isteach sa mhargadh, agus ní mór iad a bheith slán le haghaidh gnólachtaí agus tomhaltóirí. Agus tá creat cibearshlándála láidir cuimsitheach againn anois chun é sin a bhaint amach.

Le ceannasacht teicneolaíochta an Aontais, cuimsítear timthriall forbartha iomlán na dteicneolaíochtaí, ó thaighde bunúsach go tráchtálú ag an tionscal, príomhtheicneolaíochtaí a fhorbairt lenár n-acmhainneachtaí T&F, forbartha agus cur in úsáide féin, chomh maith le rochtain ar phríomh-amhábhair agus athchúrsáil na bpríomh-amhábhar sin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé go háirithe leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch chun príomhsholáthairtí a áirithiú.

Cuspóirí Dheacáid Dhigiteach 2030 an Aontais (go háirithe maidir le 'ceannasacht dhigiteach') agus spriocanna Dheacáid Dhigiteach 2030 an Aontais (go háirithe maidir le nascacht ghigighiotáin, táirgeadh leathsheoltóirí, líon na n-imeallnód, glacadh na hintleachta saorga agus na néalríomhaireachta, líon speisialtóirí TFC nó digitiú an chúraim sláinte nó an riaracháin phoiblí), tá siad ag rannchuidiú le ceannasacht teicneolaíochta agus iomaíochas an Aontais a bhaint amach cheana. Déanfar an faireachán ar dhul chun cinn a thuairisciú i dtuarascálacha 2025

agus 2026 maidir le Staid na Deacáide Digití agus pléifear é le Parlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit. Deis a bheidh san athbhreithniú ar spriocanna na Deacáide Digití atá le déanamh faoin 30 Meitheamh 2026 ar a dhéanaí chun an tacar cuspóirí, spriocanna agus príomhtháscairí feidhmíochta a chomhlánú nó a leasú ionas go rannchuideoidh siad freisin le ceannasacht teicneolaíochta an Aontais a bhaint amach.

Ní mór dúinn acmhainneachtaí níos láidre a fhorbairt i roinnt teicneolaíochtaí ceannródaíocha, mar shampla an intleacht shaorga, leathsheoltóirí ardfhorbartha, candam, an tsár-ríomhaireacht, an néalríomhaireacht agus an imeall-ríomhaireacht, teicneolaíochtaí spáis, an chibearshlándáil, Idirlíon na Rudaí Nithiúla agus an ghéanómaíocht.

Is féidir leis an intleacht shaorga a bheith i gcroílár ár n-iomaíochais amach anseo. Má dheimhníonn an Pharlaimint m'ainmniúchán, forbróidh mé **an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga** a dhíreoidh ar réitigh nua intleachta saorga a chur in úsáid go tapa ar fud ár bpríomhearnálacha tionsclaíocha agus ár riarachán poiblí. D'fhreastalódh sé sin ar nuálaíocht atá spreagtha ag an intleacht shaorga, agus thacófaí le forbairt samhlacha intleachta saorga agus lena gcur in úsáid ar fud earnálacha tionsclaíocha na hEorpa, mar shampla an tsláinte, an fhuinneamh, róbataic agus an mhonaraíocht, an spás agus an chosaint, chomh maith leis an earnáil phoiblí.

San am céanna, chuirfinn infheistíocht in acmhainneacht sár-ríomhaireachta den scoth chun cinn leis an **Tionscnamh um Monarchana IS**. Faoin tionscnamh sin, bheadh sé d'aidhm agam dálaí a chruthú dár ngnólachtaí nuathionscanta agus FBManna intleachta saorga agus don éiceachóras níos leithne chun samhlacha móra intleachta saorga Eorpacha a fhorbairt. Chuirfeadh na Monarchana IS leis an líonra sár-ríomhairí den chéad scoth atá againn cheana. Bheadh sé de chuspóir agam cúig Mhonarcha IS ar a laghad a sheoladh san Eoraip laistigh den chéad 100 lá de thréimhse shainordú an Choimisiúin agus leanúint den iarracht sin le linn mo théarma. Ar deireadh, d'oibreoinn leis an gCoimisinéir um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus um Thaighde agus Nuálaíocht chun **Comhairle Eorpach um Thaighde ar an Intleacht Shaorga** a bhunú, mar phríomhghné den straitéis níos leithne maidir leis an intleacht shaorga.

Ar an gcaoi chéanna, tá infheistíochtaí uaillmhianacha ag teastáil le haghaidh **leathsheoltóirí** agus, chun nach mbeimid chomh spleách céanna ar ghníomhaithe seachtracha, ní mór dúinn monarchana a thógáil san Eoraip agus ní mór dúinn táirgeadh san Eoraip. Mheall an Gníomh Eorpach um Shliseanna thart ar €80 billiún cheana le haghaidh tionscadal, ar tionscadail 'ceannródaíocha' iad san Eoraip, i.e. tionscadail a chomhlíonann sraith coinníollacha maidir le slándáil an tsoláthair agus a mbíonn iarmhairtí dearfacha acu ar fud an Aontais. Mar sin féin, ní mór don Eoraip dlús a chur leis na hiarrachtaí chun a sprioc a bhaint amach maidir le sciar 20 % den mhargadh a bheith aici, chun í féin a shuí i ndomhain na n-ardteicneolaíochtaí leathsheoltóirí. Bheadh sé d'aidhm agam cuidiú lenár gcuideachtaí an bhearna a dhúnadh ón 'tsaotharlann go dtí an mhonarcha' trí infheistíocht a dhéanamh in ardlínte táirgthe píolótacha a thugann le chéile gníomhaithe taighde agus tionsclaíocha ar fud an tslabhra soláthair – ó ábhair, go trealamh, go táirgeadh agus pacáistiú. Seolfaidh mé ardán dearaidh néal-bhunaithe freisin chun a áirithiú go mbeidh na huirlisí go léir is gá ag ár ngnólachtaí nuathionscanta chun sliseanna nuálacha a dhearadh. Ar deireadh, beidh comhar idirnáisiúnta láidir cothrom fíor-riachtanach chun tuilleadh infheistíochtaí a mhealladh agus chun slándáil ár soláthair a áirithiú. Bheadh sé d'aidhm agam cur chun feidhme éifeachtach an Ghnímh um Shliseanna a áirithiú chun tacú le cumais phróisis leathsheoltóirí agus línte píolótacha a fhorbairt san Aontas lena gcomhlíontar ceanglais shonracha earnálacha straitéiseacha, lena n-áirítear tionscadail shuaitheanta spáis an Aontais agus tionscail spáis agus chosanta an Aontais.

Tá leibhéal aibíochta bainte amach ag an g**Candam** a chiallaíonn gur féidir é a chur i bhfeidhm go praiticiúil i réimse na ríomhaireachta, na braiteachta agus na cumarsáide sláine agus raon feidhmeanna aige ó dhiagnóis leighis, líonraí cumarsáide nach féidir a haiceáil, agus oiliúint thapa samhlacha móra intleachta saorga, go feistí braite fíor-íogaire. Tá tábhacht straitéiseach ag baint leis maidir le ceannasacht, iomaíochas agus acmhainneachtaí cosanta an Aontais. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé leis na Ballstáit agus le príomhghníomhaithe tionscail chun dlús a chur le forbairt éiceachóras candamach an Aontais agus chun infheistíocht a mhealladh chun candam a thionsclú. Chuige sin, dhéanfainn obair freisin ar shliseanna candamacha – ar cuid ríthábhachtach iad de theicneolaíochtaí candamacha agus den mhargadh candamach atá ag fás go tapa – agus chuirfinn **plean fadtéarmach de chuid an Aontais maidir le sliseanna candamacha** i láthair.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, díreoidh mé freisin ar nascacht a fheabhsú san Eoraip. Tá sí i gcroílár ár n-iomaíochais agus is cumasóir ríthábhachtach í le haghaidh na dteicneolaíochtaí thuasluaite. Leis an nascacht, is féidir linn úsáid fhónta a bhaint as sonraí, mar shampla chun oiliúint a chur ar shamhlacha intleachta saorga. Chuige sin, oibreoidh mé chun a áirithiú go n-úsáidfear Idirlíon na Rudaí Nithiúla go forleathan mar uirlis fhíor-riachtanach chun an tionsclaíocht agus an tsoghluaisteacht san Eoraip a dhéanamh níos iomaíche. Áiritheoidh mé freisin go n-úsáidfear Idirlíon na Rudaí Nithiúla ar mhaithe leis an gcomhshaol, go háirithe maidir le

héifeachtúlacht acmhainní i réimsí an dáilte uisce agus na feirmeoireachta beaichte, i measc réimsí eile. Chun an leas is fearr a bhaint as Idirlíon na Rudaí Nithiúla, ní mór don Aontas glacadh go hiomlán le 6G.

Léirítear an gá atá leis an Eoraip a bheith neamhspleách ó thaobh na nascachta de i bhfianaise an teannais gheopholaitiúil atá ag dul i méid i gcoitinne agus i bhfianaise chogadh foghach na Rúise san Úcráin go háirithe. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé chun borradh a chur faoi neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa sa spás, lena n-áirítear maidir leis na soláthróirí criticiúla le haghaidh shlándáil, shláine agus athléimneacht sheirbhísí satailíte IRIS², seirbhísí atá ríthábhachtach do chumarsáid shlán rialtais na mBallstát. Tacóidh IRIS² le hiomaíochas thionscal na hEorpa trí theicneolaíochtaí satailíte úrscothacha a fhorbairt, rud a rachaidh chun tairbhe don earnáil ar fad, go háirithe do FBManna. Cuirfidh sé sin é ar a cumas don Eoraip leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta in earnáil an spáis.

Sa bhreis ar infheistíochtaí, tá sé ríthábhachtach na rialacha atá againn cheana a chur chun feidhme go comhleanúnach agus go comhlántach chun deiseanna nua a chur ar fáil. Agus mé ag obair le Coimisinéirí eile, bheadh sé d'aidhm agam comhlíonadh ár Leabhair Rialacha Digiteacha a éascú, agus aird ar leith á tabhairt ar an tionchar ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar ghnólachtaí atá ag méadú.

Is é an sprioc atá againn teicneolaíochtaí a fhorbairt lena gcumhachtaítear agus lena bhfeabhsaítear cumais an duine agus lena gcloítear le luachanna Eorpacha. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina bhuntáiste iomaíoch le haghaidh táirgí agus seirbhísí digiteacha 'Déanta san Aontas'. Ní mór dúinn infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí sábháilte, iontaofa agus duinelárnacha a léiríonn luachanna Eorpacha agus a chosnaíonn samhail shóisialta na hEorpa, agus sábháilteacht ár saoránach. Agus teicneolaíochtaí á bhforbairt go tapa, tá sé ríthábhachtach fócas láidir a choinneáil ar dhuine-lárnacht. Ba cheart an méid sin, mar aon leis an inbhuanaitheacht agus an athléimneacht, a bheith i gcroílár ár nuálaíochtaí digiteacha agus na rialacha a chuirimid i bhfeidhm.

Rachainn i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara agus d'oibreoinn go dlúth leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch chun cur chuige straitéiseach i leith caighdeánú idirnáisiúnta a chur chun cinn, chun iomaíochas, slándáil agus neamhspleáchas straitéiseach an Aontais a áirithiú, chomh maith lenár gcumas maidir le cur chun cinn luachanna an Aontais. Dhéanfainn é sin go déthaobhach trí chomhpháirtíochtaí digiteacha agus go hiltaobhach trí G7, G20 agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ar nós ECFE agus na Náisiún Aontaithe. D'oibreoinn go gníomhach le comhpháirtithe atá ar aon intinn linn chun caighdeáin dhigiteacha an Aontais a chur chun cinn go hidirnáisiúnta, mar aon le caighdeáin dhigiteacha idirnáisiúnta a urramaíonn ár luachanna agus leasanna comhpháirteacha (e.g. príobháideachas, cosaint sonraí, nó cearta an duine).

D'fhéachfainn le dlús a chur le hinfheistíochtaí i dtionscadail agus i dteicneolaíochtaí trasteorann chun idir-inoibritheacht a neartú ar fud na mBallstát le haghaidh seirbhísí poiblí digiteacha, rud a áiritheoidh oibriú rianúil agus slán na seirbhísí sin. D'úsáidfimis ionstraimí ar nós Boscaí Gainimh Rialála agus Tionscadal Ilnáisiúnta chun réitigh nuálacha a fhorbairt, a thástáil agus a chur in úsáid san Eoraip, rud a chuirfeadh riaracháin phoiblí in oiriúint don ré dhigiteach.

D'oibreoinn le Coimisinéirí eile chun infheistíochtaí coigríche a mhealladh, chun an timpeallacht rialála cheart a sholáthar, chun tús áite a thabhairt d'fhorbairt lucht saothair oilte agus saineolais theicniúil, chun rochtain ar chaipiteal príobháideach a fheabhsú, agus chun nuálaíocht a chur chun cinn.

Mar fhocal scoir, chun ceannasacht teicneolaíochta agus iomaíochas a bhaint amach, ní mór oibriú leis na Ballstáit ar bhealach comhtháite. Comhordú ar leibhéal an Aontais, comhthiomsú acmhainní, infheistíochtaí mórscála agus toil choiteann chun dul chun cinn a dhéanamh, is nithe iad sin atá ríthábhachtach.

*5. Cad iad na pleananna atá agat maidir le bonneagar digiteach agus rochtain ar nascacht ardcháilíochta ar fud limistéir gheografacha? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat na tograí a leagtar amach sa Pháipéar Bán maidir le riachtanais bhonneagair dhigitigh na hEorpa a chur chun feidhme? Cad é do thuairim ar mholtaí an Pháipéir Bháin agus thuarascáil Draghi maidir le táillí líonra? Cad iad na bearta atá beartaithe agat chun nascacht ghigighiotáin a fheabhsú, cur i bhfeidhm 5G a leathnú, aistriú iomlán ó chopar go snáithín a áirithiú faoi 2030 agus infheistíochtaí ón earnáil phríobháideach a dhreasú i bhforbairt líonraí? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat aghaidh a thabhairt ar na gnéithe den bhonneagar digiteach a bhaineann le fuinneamh? Cad iad na bearta a mheasann tú a bheith riachtanach chun an chibear-athléimneacht agus an chibearshlándáil a threisiú i ngach réimse ar fud an Aontais? Conas a chuirfidh tú feabhas ar an iomaíochas tionsclaíoch i réimse na slándála agus na cosanta i gcomhthéacs Aontas Eorpach um Chosaint?*

Táimid ag titim chun deiridh ar ár n-iomaitheoirí a mhéid a bhaineann le clúdach líonra fíor-ardacmhainneachta fosaithe agus gan sreang. Chun aghaidh a thabhairt air sin, tá gá le gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear maidir le hinfheistíocht. Tá dúshlán ar leith ag baint le hailtireacht líonra 'neamhspleách 5G' atá ríthábhachtach do chásanna úsáide tionsclaíche, agus tá deighilt dhigiteach mhór fós ann idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe san Aontas. Ní mór dúinn dlús a chur le hinfheistíochtaí chun spriocanna nascachta na Deacáide Digití a bhaint amach faoi 2030 agus chun na líonraí a bheidh ag teastáil le haghaidh sheirbhísí digiteacha na todhchaí a fhorbairt. Má dheimhníonn Parlaimint na hEorpa m'ainmniúchán, tá an tiomantas atá agam soiléir: déanfaidh mé mo dhícheall chun go mbainfidh an tAontas spriocanna nascachta 2030 amach agus nascacht shlán, thapa agus iontaofa a áirithiú mar chnámh droma ár ngeilleagair agus ár sochaí.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh sé ar cheann de na príomhthosaíochtaí a bheidh agam oibriú ar Ghníomh um Líonraí Digiteacha chun cuidiú le borradh a chur faoi leathanbhanda ardluais slán, idir leathanbhanda fosaithe agus leathanbhanda gan sreang, chun tacú le hiomaíochas agus le seirbhísí inacmhainne ar ardchaighdeán do thomhaltóirí. Ar an gcaoi sin, dhéanfaí obair leantach ar na treochtaí teicneolaíochta agus ar na gnéithe slándála a bhfuil tuairisc orthu sa Pháipéar Bán ón gCoimisiún dar teideal 'Conas is féidir máistreacht a fháil ar riachtanais na hEorpa maidir le bonneagar digiteach?'. Agus aon rogha beartais á bunú ar mheasúnú tionchair láidir, ba cheart, leis an nGníomh a bheidh ann amach anseo, an t-ualach riaracháin ar oibreoirí a laghdú agus dreasachtaí a chruthú d'infheistíochtaí i mbonneagar agus do ghníomhaíochtaí nua gnó, mar shampla san imeall-ríomhaireacht. Ní mór leasanna tomhaltóirí a chosaint freisin, agus cásanna aonair na mBallstát a chur san áireamh.

De réir na moltaí i dtuarascáil Draghi, dhéanfainn plé gníomhach ar conas an margadh aonair teileachumarsáide a chomhlánú. D'fhéachfainn le réitigh a fháil le haghaidh rialachas speictrim níos comhtháite ar fud an Aontais le haghaidh líonraí na chéad ghlúine eile. Bhí tionchar diúltach ag na moilleanna ar cheantáil 5G ar iomaíochas na hEorpa, agus ní mór dúinn a áirithiú nach dtarlóidh cás den chineál céanna amach anseo. Tá méadú ag teacht ar líon na ngníomhaithe i ngeilleagar an líonra agus tá díospóireacht bhríomhar ann. Níor cheart gur plé maidir le táillí líonraí amháin a bheidh sa díospóireacht sin. Ba cheart plé a bheith ann maidir leis an gcaoi a rannchuidíonn gníomhaithe éagsúla le héiceachóras cumarsáide bríomhar agus nuálach, bunaithe ar chothrom iomaíochta. Rinneadh moltaí suimiúla, ina measc sin an cur chuige a moladh i dtuarascáil Draghi agus sa Pháipéar Bán i ndáil le riachtanais na hEorpa maidir le bonneagar digiteach. Chomh maith leis sin, fuarthas go leor aighneachtaí mar thoradh ar an gcomhairliúchán poiblí a reáchtáladh tar éis fhoilsiú an Pháipéir Bháin, agus déanfaidh mé staidéar cúramach orthu, agus rachaidh mé i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara go léir. Leasanna shaoránaigh an Aontais a chosaint agus an t-iomaíochas agus infheistíochtaí a chur chun cinn, is iad sin na treoirphrionsabail a bheadh agam agus aon mholadh á dhéanamh agam.

Ní mór freisin dlús a chur le múchadh an líonra copair. Bheadh sé sin ina spreagadh chun snáithín a chur in úsáid agus áiritheoidh sé go mbeadh níos mó acmhainní ar fáil chun 5G a rolladh amach. Bheadh sé i gcomhréir le spriocanna na Deacáide Digití le haghaidh 2030, go háirithe nascacht ghigighiotáin do chách, agus d'fhreagródh sé do spriocanna inbhuanaitheachta fadtéarmacha, ós rud é nach bhfuil snáithín chomh dian céanna ar fhuinneamh agus gur féidir seirbhísí níos éifeachtúla agus níos glaise a ghlacadh dá bharr. Mar sin féin, ní mór coimircí a bheith ann chun a áirithiú go leanfaidh úsáideoirí deiridh leochaileacha de bheith nasctha.

Ba mhian liom aird ar leith a thabhairt freisin ar bhealaí a fhiosrú chun taighde ar réitigh bonneagair dhigitigh ísealfhuinnimh a dhreasú, lena n-áirítear le haghaidh fuaraithe, próiseálaithe atá fuinneamhéifeachtúil, agus bonneagar gréasáin inbhuanaithe. Is féidir le réitigh intleachta saorga a bheith ina sócmhainn mhór chun earnáil TFC atá níos fuinneamhéifeachtúla a bhaint amach. In 2022 ghlac an Coimisiún plean gníomhaíochta chun an córas fuinnimh a dhigitiú, plean atá á chur chun feidhme ina iomláine agus a bhfuil rath mór air. Mar shampla, chuir an Coimisiún scéim tuairiscithe chun feidhme le haghaidh lárionad sonraí chun a dtomhaltas fuinnimh agus uisce a nochtadh. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tacóidh mé leis an gCoimisinéir um Fhuinneamh agus Tithíocht chun córas rátála agus lipéadaithe a bhunú le haghaidh lárionad sonraí agus chun íoschaighdeáin feidhmíochta a thabhairt isteach freisin le haghaidh lárionad sonraí nua. D'oibreoimis le chéile freisin chun feabhas a chur ar chomhtháthú na lárionad sonraí sa chóras fuinnimh agus dhíreofaí ar athúsáid teasa agus ar sheirbhísí solúbthachta a chur ar fáil don eangach leictreachais.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé freisin chun Cód Iompair a bhunú maidir le hinbhuanaitheacht líonraí teileachumarsáide agus tacóidh mé le mo chomhghleacaithe chun scéim lipéadaithe fuinnimh a fhorbairt le haghaidh ríomhairí agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh ríomhairí agus freastalaithe.

Maidir leis an g**cibearshlándáil**, rud atá i gcroílár na sainchúraimí slándála níos leithne, bheadh sé d'aidhm agam clár oibre uile-shochaí cibearshlándála trí dhearadh a chur chun cinn. Dhíreoinn ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú na ndlíthe nua maidir le cibearshlándáil eintiteas criticiúil (NIS2) agus slándáil táirgí (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht) ar bhealach atá fabhrach don nuálaíocht agus don ghnó. D'oibreoinn le húdaráis agus le lucht tionscail chun an aibíocht chibearshlándála a ardú agus chun infheistíocht a dhéanamh chun cumais bhraite agus freagartha a neartú. Ní mór dúinn gníomhaíocht chomhbheartaithe chinntitheach a dhéanamh i gcoinne cibearchoirpeach agus drong bogearraí éirice.

Beidh an **Gníomh um Chibear-Athléimneacht** ina dheis chinniúnach dhomhanda don chibearshlándáil, agus laghdóidh sé go mór leochaileachtaí na dtáirgí nasctha a mbaineann gníomhaithe mailíseacha leas astu chun críoch spiaireachta, réamhshuite agus suaite. Leanfainn dár n-eintitis chriticiúla agus dár bhfís maidir le slándáil táirgí a chur chun cinn san Eoraip agus níos faide i gcéin, agus d'oibreoinn chun ceannaireacht dhomhanda a fhorbairt maidir le **caighdeáin chibearshlándála**.

Má dheimhníonn an Pharlaimint m'ainmniúchán, beidh sé d'aidhm agam na príomhbhonneagair agus na príomhchumais chibearshlándála Eorpacha a shimpliú agus a leathnú chun acmhainneachtaí feasachta staide agus acmhainneachtaí freagartha a fheabhsú. Dhéanfainn é sin agus béim láidir á leagan ar earraí dé-úsáide agus ar chomhar sibhialta-míleata, agus go háirithe ar shaincheisteanna slándála inár slabhraí soláthair, agus creat deimhniúcháin iomchuí mar thúsphointe. Ní mór dúinn a áirithiú go dtabharfaidh earnáil na cosanta aghaidh go pras ar an éabhlóid mhear theicneolaíoch sa chibearspás, agus leas á bhaint as an Treochlár Cibirtheicneolaíochta atá á fhorbairt faoi láthair. Ba mhaith liom oibriú i dtreo timpeallacht inar féidir le fiontraithe agus nuálaithe uirlisí cibearchosanta a bhfuil géarghá leo a fhorbairt agus a mhargú, agus é á aithint gurb iad gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí beaga a fhorbraíonn formhór na nuálaíochtaí cibearshlándála san Aontas. Dhéanfainn conair nuálaíochta chomhtháite a fhorbairt freisin do chibearghnólachtaí nuathionscanta Eorpacha chun tacú lena bhforbairt agus chun cibear-éiceachóras sibhialta-míleata dinimiciúil suaiteach a chothú.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, leanfaidh mé de na hiarrachtaí na líonraí tras-Eorpacha slána atá ann cheana a uasghrádú agus líonraí tras-Eorpacha slána nua a chruthú, lena ndéanfar na Ballstáit, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí na n-institiúidí Eorpacha, agus páirtithe leasmhara eile a idirnascadh, agus ar an gcaoi sin lena méadófar idir-inoibritheacht agus cibear-athléimneacht in idirghníomhaíochtaí digiteacha trasteorann le haghaidh earnáil phoiblí na hEorpa.

Maidir le hoibríochtaí agus brath bagairtí, chuirfinn leis an gCóras Foláirimh Cibearshlándála sibhialtach atá le forbairt faoin nGníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht. Le bonneagar Cibearmhol an Aontais atá cumhachtaithe ag an intleacht shaorga, is féidir linn feabhas a chur ar chumas na hEorpa comharthaí ísle ionsaithe a bhrath, chun ullmhacht ár mbonneagar criticiúil sibhialtach nó cosanta a threisiú. Ba cheart é sin a shaothrú in éineacht le hobair an Choimisinéara um an gCosaint agus um an Spás leis na Ballstáit i dtreo na cibearchosanta.

Iompraíonn bonneagair cáblaí fomhuirí 99 % den trácht idir-ilchríochach agus tá siad ríthábhachtach do shlándáil agus d'iomaíochas domhanda na hEorpa. D'oibreoinn leis na Ballstáit chun rioscaí agus bearta maolaithe féideartha a shainaithint, lena n-áirítear caighdeáin, agus leanfainn de thacaíocht a thabhairt do rolladh amach cáblaí fomhuirí.

I ndáil le hiomaíochas tionsclaíoch slándála agus cosanta a fheabhsú, chun ullmhacht thionsclaíoch na hEorpa i réimse na cosanta a bhaint amach tá gá le hinfheistíocht mhéadaithe inár mbonn tionsclaíoch agus i dtaighde agus forbairt, agus le tuilleadh comhair agus tiomantais fhadtéarmaigh freisin. Mar a léiríodh sa Straitéis um Thionscal Cosanta na hEorpa, níl dóthain infheistíochta déanta againn inár bhfearas tionsclaíoch cosanta le blianta fada anuas. Is ó sholáthróirí cosanta neamh-AE a thagann níos mó ná leath dár n-éadálacha cosanta agus níl ach méadú beag tagtha ar an trádáil laistigh den Aontas i gcomparáid leis an méadú mór atá tagtha ar mhargadh cosanta an Aontais. Leis an Straitéis um Thionscal Cosanta na hEorpa agus leis an gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach, agus lena gcomhlánaítear an Ciste Eorpach Cosanta, moltar sraith dreasachtaí chun na treochtaí sin a aisiompú agus chun oibriú chun Fíormhhargadh Aonair le haghaidh cosanta a bhaint amach. Réitíonn na bearta sin an bealach don Aontas Eorpach um Chosaint. Ní mór do na Ballstáit oibriú le chéile a thuilleadh, agus breis infheistíochta a dhéanamh i dtionscal na hEorpa, agus infheistíocht a dhéanamh ar bhealach comhoibritheach freisin. Ní mór dúinn freisin na bacainní ar an gcomhar trasteorann atá fós ann a shainaithint, rud a chuirfidh le hiomaíochas bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí, agus a fhreastalóidh ar riachtanais fhórsaí armtha na mBallstát.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, in éineacht leis an Leas-Uachtarán/Ardionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus leis an gCoimisinéir um an gCosaint agus um an Spás, treoróidh mé an obair chun ár n-iomaíochas tionsclaíoch cosanta a fheabhsú faoi chuimsiú Aontais Eorpaigh um Chosaint.

Ceisteanna ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

**6. An Intleacht Shaorga, Néalríomhaireacht an Aontais agus Gníomh an Aontais um Fhorbairt na hIntleachta Saorga**

*Cad iad príomhphrionsabail agus príomhchuspóirí an togra a fógraíodh le haghaidh 'Gníomh AE um Néalríomhaireacht agus Forbairt IS' nua, agus conas a bheartaíonn an Coimisiún na cuspóirí sin a bhaint amach? Conas a dhéanfaidh an Coimisiún an cuspóir straitéiseach maidir le borradh a chur faoi nuálaíocht agus iomaíochas IS a ailíniú leis an ngá atá le hiontaofacht agus sábháilteacht IS a áirithiú chun tairbhe tomhaltóirí agus gnólachtaí? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat cur i bhfeidhm comhchuibhithe noirm agus chaighdeáin dhigiteacha an Aontais a chur chun cinn sa Mhargadh Aonair agus go hidirnáisiúnta agus ceannaireacht dhomhanda an Aontais sa rialachas digiteach a áirithiú?*

Faoi láthair, ní úsáideann ach 8 % de ghnólachtaí an Aontais intleacht shaorga, ní úsáideann ach 33 % dár gcuideachtaí néalríomhaireacht, agus tá lorg na lárionad sonraí san Eoraip ar aon trian de lorg na lárionad sonraí sna Stáit Aontaithe. Fágann sé sin go bhfuil bearna ollmhór táirgiúlachta ann don Aontas, toisc go dteastaíonn cumhacht ríomhaireachta ónár dtionscal chun nuáil a dhéanamh, go háirithe maidir leis an intleacht shaorga. A luaithe a chuirtear oiliúint ar shamhlacha intleachta saorga (trí shár-ríomhairí), bíonn ról lárnach ag gnáth-bhonneagar néalríomhaireachta chun iad a chur in oiriúint do chásanna úsáide sonracha. Mar sin féin, tá an lámh in uachtar ag dornán soláthraithe hipearscála a bhíonn lonnaithe lasmuigh den Aontas go minic ar mhargadh néalríomhaireachta na hEorpa, ar príomhghníomhaithe iad freisin i margadh intleachta saorga atá ag teacht chun cinn, a bhuí lena mbonneagar ollmhór, agus lena n-uirlisí bogearraí ceannasacha intleachta saorga.

Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán tionsclaíoch sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, ullmhóidh mé **Gníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga** bunaithe ar mheasúnú tionchair ar scála iomlán ina mbeidh na páirtithe leasmhara ábhartha uile rannpháirteach. Ba cheart é sin a bheith ina chuid de straitéis níos leithne. In éineacht leis an n**Gníomh um Monarchana IS**, thabharfadh sé cumhacht ríomhaireachta a bhfuil géarghá léi do nuálaithe intleachta saorga na hEorpa. Bheadh an **Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga** ina chuid den straitéis chomh maith, chun dlús a chur le claochlú atá spreagtha ag an intleacht shaorga ar earnálacha tionsclaíocha na hEorpa agus le soláthar seirbhísí poiblí; agus **an Gníomh um Líonraí Digiteacha**, chun réitigh nascachta digití úrscothacha a chomhtháthú ar an mbealach is fearr san éiceachóras foriomlán.

I mo thuairimse, ba cheart an leibhéal céanna uaillmhéine a bheith i gceist leis an nGníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga agus atá i gceist leis an nGníomh Eorpach um Shliseanna. Leis an nGníomh um Shliseanna tugadh aghaidh ar T&F, ar an infheistíocht i saoráidí faireacháin san Eoraip agus ar shlándáil an tsoláthair sliseanna, agus díreach ar an dóigh sin, leis an nGníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga, ba cheart aghaidh a thabhairt ar conas éiceachóras bríomhar samhlacha oiliúna intleachta saorga a chothú agus infheistíocht a mhealladh i mbonneagar ríomhaireachta agus i stóráil sonraí ar fud na hEorpa, ar cheart é a bheith ar fáil do gach gnólacht nuathionscanta, do gach FBM agus do gach gníomhaí tionsclaíoch eile.

Is é an chéad chuspóir a bheadh leis an n**Gníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga** forbairt ailtireacht ríomhaireachta fuinneamhéifeachtúil agus réiteach ceannródaíoch a chur chun cinn chun úsáid acmhainní nádúrtha a íoslaghdú. Tá teicneolaíochtaí inbhuanaithe le haghaidh lárionad néalríomhaireachta agus lárionad sonraí riachtanach don Eoraip agus d'fhéadfadh siad buntáiste iomaíoch a chruthú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuirfidh mé úsáid samhlacha oiliúna comhoibríocha intleachta saorga chun cinn freisin ina mbeidh príomhpháirtithe leasmhara in earnálacha straitéiseacha tionsclaíocha rannpháirteach, go háirithe ag an gcéim réamhiomaíoch. Ba cheart i bhfad níos mó gníomhaithe Eorpacha a bheith ag dul isteach sa mhargadh.

Ar an dara dul síos, ba cheart tosaíocht a thabhairt leis an nGníomh d'infheistíochtaí mórscála i saoráidí néalríomhaireachta agus intleachta saorga ar féidir iad a mheas mar shaoráidí ceannródaíocha, mar shampla i ndáil le hinbhuanaitheacht agus cineálacha nuálacha néalríomhaireachta, cuir i gcás imeall-ríomhaireacht teileachumarsáide. Tá sé tábhachtach freisin breathnú ar an néalríomhaireacht mar fhíorchontanam bonneagair, ina ndéantar bonneagair néalríomhaireachta thraidisiúnta láraithe a idirnascadh lenár líonra sár-ríomhairí agus a chomhlánú le himeallnóid dháilte agus bonneagar teileachumarsáide.

Ar an tríú dul síos, ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar shlándáil an tsoláthair agus ar chibearshlándáil néalseirbhísí. I dteannta a chéile, táimid ag tabhairt cuid mhaith dár gcuid sonraí don néal. Is minic a bhíonn feidhmchláir a ritheann ar bhonneagair néalríomhaireachta ina bpointe iontrála chuig córais agus sonraí TF gnó. Is é sin an fáth, má dheimhnítear m'ainmniúchán, go n-áiritheoidh mé go mbeidh ardleibhéal cibearshlándála ag néalseirbhísí a thairgtear san Eoraip. Ba cheart ár saoránaigh agus ár ngnólachtaí a bheith in ann muinín a bheith acu go bhfuil a gcuid sonraí sábháilte nuair a stóráiltear sa néal iad.

Maidir leis an nuálaíocht atá spreagtha ag an intleacht shaorga a ailíniú le hiontaofacht agus sábháilteacht na hintleachta saorga, ní nithe iad sin atá ag teacht salach ar a chéile: tá iontaoibh agus barr feabhais san intleacht shaorga fite fuaite lena chéile. Leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, tugtar isteach ráillí cosanta chun a áirithiú go mbeidh an intleacht shaorga san Eoraip duinelárnach, iontaofa agus sábháilte. San am céanna, leanann sé cur chuige rioscabhunaithe spriocdhírithe agus cruthaíonn sé tacar soiléir rialacha amháin ar fud na mBallstát. Trí eisceachtaí a thairiscint le haghaidh uirlisí taighde agus tacaíochta – boscaí gainimh rialála, mar shampla – fágann sé gur féidir nuálaíocht a dhéanamh san intleacht shaorga. Thabharfainn tús áite do chur chun feidhme tráthúil intuartha ionas go mbeadh an Gníomh um an Intleacht Shaorga in ann an dá chuspóir sin a bhaint amach.

Is maith is féidir leis an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta i dtaca leis an rialachas digiteach domhanda, ós rud é gurbh muidne ba thúisce ar domhan a ghlac sraith chuimsitheach rialacha, ní hamháin maidir leis an intleacht shaorga, ach maidir le seirbhísí agus ardáin dhigiteacha freisin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé i gceist agam leanúint de chur chuige an Aontais maidir le hintleacht shaorga atá duinelárnach agus iontaofa a chur chun cinn go gníomhach, agus tacaíocht á tabhairt agam do mhaoirseacht fhreagrach ar intleacht shaorga i bhfóraim dhomhanda agus i gcomhpháirtíochtaí déthaobhacha le príomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta. Creidim gur cheart don Aontas leanúint de ról ceannasach a bheith aige sa rialachas digiteach domhanda, agus ár rialacha, atá bunaithe ar ár bhfís dhuinelárnach agus ar ár luachanna coiteanna Eorpacha, atá mar bhunchloch dár rialacha, a chur chun cinn ar fud an domhain.

Chun torthaí a bhaint amach ina leith sin, d'fhéachfainn le breis feabhais a chur ar an gcomhordú idir Ballstáit an Aontais sna Náisiúin Aontaithe, laistigh den Fhóram um Rialachas Idirlín, agus i bhfóraim idirnáisiúnta agus eagraíochtaí teicniúla ábhartha eile, mar shampla an Chorparáid Sannta Ainmneacha agus Uimhreacha Idirlín.

Ar deireadh, níl aon am le cur amú againn maidir le caighdeáin a leagan síos. Beidh caighdeáin theicniúla de dhíth ó chuideachtaí Eorpacha agus neamh-Eorpacha a oibreoidh sa Mhargadh Aonair faoi fhorálacha dlíthiúla nua an Ghnímh um an Intleacht Shaorga. Dhéanfainn measúnú cúramach ar an gcaoi ar féidir leis an gCoimisiún na caighdeáin sin a chur ar fáil, laistigh den chóras um chaighdeánú atá ann cheana más féidir. Nuair a bheidh caighdeáin theicniúla againn a thacaíonn leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, táim cinnte freisin go múnlóidh sé sin rialachas digiteach ar fud an domhain.

**7. An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Gníomh um Margaí Digiteacha agus tionchair dhiúltacha na n-ardán ar líne**

*Cad iad na tosaíochtaí forfheidhmiúcháin a bheidh agat don Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) agus don Ionstraim um Margaí Digiteacha (DMA), agus conas a áiritheoidh tú sásraí forfheidhmiúcháin éifeachtacha, trédhearcacha agus tapa? Conas a thabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar an iarraidh ar shimpliú agus ar ualaí riaracháin a laghdú? An mbeidh an Coimisiún in ann acmhainní leordhóthanacha a thiomnú don fhorfheidhmiú? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat dul i ngleic le cleachtais dhíobhálacha ar líne amhail patrúin dhorcha nó dearadh andúile, a mbíonn tionchar acu ar dhaoine aonair, go háirithe leanaí agus mionaoisigh, agus ar a meabhairshláinte? Ar deireadh, cad iad na gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanfaidh tú chun an chibearbhulaíocht a chomhrac?*

Is ionstraimí cumhachtacha nua iad an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Gníomh um Margaí Digiteacha le haghaidh rialáil ardán. Tar éis na chéad bhliana dá bhforfheidhmiú, measaim go bhfuil siad ag feidhmiú go réasúnta rianúil, go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh ar an obair ar an reachtaíocht thánaisteach is gá, go bhfuil na foirne i bhfeidhm agus go bhfuil roinnt imscrúduithe oscailte nó gur eascair cinntí as imscrúdaithe a bhfuil tionchar acu ar an gcaoi a n-oibríonn ardáin ar líne san Aontas. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, ba mhaith liom cur leis sin agus a áirithiú go mbeidh an Coimisiún ina phríomhúdarás rialála sa réimse seo a éistfidh go cúramach agus a ghníomhóidh go tapa, i gcomhréir lenár rialacha, agus lánurraim á tabhairt do chearta próisis chuí, agus a ghníomhóidh ar bhealach trédhearcach do na páirtithe leasmhara uile.

Maidir le forfheidhmiú an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, dhíreoinn ar na ceithre réimse seo a leanas: 1) cosaint mionaoiseach ar líne; 2) ríomhthráchtáil agus earraí neamhchomhlíontacha ar mhargaí ar líne; 3) ábhar neamhdhleathach ar líne, lena n-áirítear aimpliú algartamach ar ábhar den sórt sin; agus 4) saincheist níos leithne na sláine faisnéise i gcomhthéacs toghchán, lena n-áirithítear sineirgí leis an Sciath nua don Daonlathas.

Maidir leis an nGníomh um Margaí Digiteacha, arb é is aidhm di cothrom iomaíochta agus iomaíocht chóir a áirithiú, thabharfainn tús áite, agus mé ag obair go dlúth leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch, do thrí ghné thábhachtacha: 1) éiceachórais dúnta a oscailt, bíodh sin i gcórais oibriúcháin, i mbrabhsálaithe gréasáin nó i margaí ar líne; 2) rogha agus cumas a thabhairt do thomhaltóirí smacht a fháil arís i dtimpeallacht ina mbraitheann siad go bhfuil cuideachtaí móra digiteacha cumhachtach, agus 3) a áirithiú gurb iad na daoine a ghineann na sonraí úinéirí na sonraí agus ní na daoine is fearr ar féidir leo leas a bhaint astu.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh mo chur chuige maidir le forfheidhmiú an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Ghnímh um Margaí Digiteacha dian, fianaise-bhunaithe agus diongbháilte. Bhainfinn úsáid as na cumhachtaí forfheidhmiúcháin uile a thugann na comhreachtóirí don Choimisiún. I gcás ina gcruthaíonn sárú baol láithreach dár saoránaigh, ní bheadh drogall orm bearta láidre a dhéanamh. Chomh maith leis sin, d'oibreoinn i gcomhar leis an tsochaí shibhialta, le taighdeoirí agus le sceithirí eolais. Tá fianaise ann a léiríonn gur féidir torthaí tapa agus éifeachtacha a bheith mar thoradh ar idirphlé dáiríre idir cuideachtaí rialáilte agus forfheidhmitheoirí i gcásanna áirithe. Ní mór d'ardáin ar líne reachtaíocht an Aontais a leanúint – gan modhanna moilleadóireachta a úsáid. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, geallfaidh mé go mbeidh idirphlé oscailte córasach agam le Parlaimint na hEorpa, go háirithe trí na Meithleacha seanbhunaithe maidir le cur chun feidhme an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Ghnímh um Margaí Digiteacha agus leis na Coistí ábhartha.

Chun go mbeidh an Coimisiún ina údarás rialála éifeachtach inchreidte, féachfaidh mé lena áirithiú go leithdháilfear acmhainní leordhóthanacha chun na críche sin, agus leas á bhaint as na táillí a bhailítear faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

Má dheimhníonn Parlaimint na hEorpa m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis na Coimisinéirí freagracha ar phatrúin dhorcha, ar dhearadh andúile agus ar thionchair dhiúltacha eile na meán sóisialta, go háirithe ar mhionaoisigh. Is uirlis chumhachtach dhlíthiúil é an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin láithreach le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha a thagann faoina raon feidhme. Is sampla maith é an rath forfheidhmithe a bhí ann le déanaí i gcoinne TikTok Lite as a dhearadh andúile den mhéid is féidir leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha a bhaint amach don Aontas ar fad, ar an dá luas. Ní mór don Aontas, do chuideachtaí agus do shaineolaithe oibriú le chéile chun a áirithiú go gcuirfidh cuideachtaí meán sóisialta cur chuige a thugann tús áite don tsábháilteacht i bhfeidhm lena gcuirfear é ar a chumas do gach úsáideoir oibriú go sábháilte ar líne. Na himscrúduithe a tionscnaíodh le déanaí i gcoinne TikTok, X, Facebook agus Instagram maidir le dearadh andúile, patrúin dhorcha agus cosaint mionaoiseach, ní mór na himscrúduithe sin a shaothrú go bríomhar chun fíorathrú tapa a bhaint amach agus ba cheart, leis na himscrúdaithe sin, bonn eolais a chur faoin obair a dhéanfar amach anseo ar thionchar na meán sóisialta ar mhionaoisigh. I gcás ina dtagann fianaise ar dhíobháil shistéamach chun cinn i seirbhísí ainmnithe eile, ba cheart don Choimisiún gníomhaíocht chinntitheach forfheidhmiúcháin a dhéanamh. D'oibreoinn freisin leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta maidir le Gníomh um Chothroime Dhigiteach, chun a áirithiú go rachfar i ngleic go leormhaith le cleachtais mar shampla patrúin dhorcha, dearadh andúile agus próifíliú ar líne.

Is príomhthosaíocht dom í cosaint leanaí. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar le húdaráis forfheidhmithe dlí chun an fhianaise is gá a bhailiú. Bheinn ar thús cadhnaíochta freisin san obair ar threoirlínte maidir le mionaoisigh a chosaint faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, agus bheadh sé d'aidhm agam iad a thabhairt chun críche roimh shamhradh 2025. Ba cheart a leagan amach sna treoirlínte conas a áiritheoidh ardáin ar líne ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála do mhionaoisigh, i gcomhréir le rialacha an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha. Ba cheart córas fíoraithe aoise a chaomhnaíonn príobháideachas a thabhairt isteach in éineacht leo sin.

Rannchuideoinn freisin leis an bhfiosrúchán uile-Aontais ar thionchar na meán sóisialta ar fholláine agus ar mheabhairshláinte atá á stiúradh ag an gCoimisinéir um Shláinte agus um Leas Ainmhithe. Leis an bhfiosrúchán, ba cheart tógáil ar chaidreamh gníomhach le leanaí agus le múinteoirí agus ar eolas ó shaineolaithe ardleibhéil ó gach cearn den Aontas, ionas go dtógfaimid le chéile an timpeallacht dhigiteach shábháilte agus shláintiúil atá tuillte ag ár leanaí.

Maidir leis an bplean gníomhaíochta in aghaidh na cibearbhulaíochta a fógraíodh sna Treoirlínte Polaitiúla, rannchuideoinn le hobair an Choimisinéara um Chothroime Idirghlúine, um an Óige agus um Chultúr agus Spórt

chun a áirithiú go gcuirfear na bearta soiléire is gá ar fáil sa phlean. Is féidir leis an straitéis maidir le hIdirlíon Níos Fearr do Leanaí (BIK+), a glacadh in 2022, bonn luachmhar a chur ar fáil don phlean gníomhaíochta. Mholfainn do na Ballstáit freisin comharthóirí iontaofa a cheapadh don Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha a bhfuil saineolas cruthaithe acu maidir le mionaoisigh a chosaint, lena n-áirítear maidir leis an gcibearbhulaíocht.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh mé tiomanta go daingean a áirithiú go ndéanfaidh an Coimisiún beart de réir a bhriathair maidir le simpliú agus go laghdóidh sé an t-ualach riaracháin sa réimse seo. Is cuid den mhisean é sin do chomhaltaí uile an Choláiste nua agus tá sé riachtanach chun feabhas a chur ar cháilíocht rialála agus chun cur chun feidhme iomlán a áirithiú. Tá na glaonna ónár FBManna agus ónár ngnólachtaí cloiste agam go soiléir agus beidh sé d'aidhm agam ár Leabhar Rialacha Digiteacha a shimpliú aon uair a shainaithnímid deiseanna chun é sin a dhéanamh. D'fhéachainn go cúramach an féidir simpliú dlíthiúil a dhéanamh tráth an athbhreithnithe ar an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha i mí na Samhna 2025 agus ar an nGníomh um Margaí Digiteacha i mí na Bealtaine 2026. Ní mór aon reachtaíocht nua sa réimse seo a bheith soiléir agus ní féidir ualaí nach bhfuil gá leo a chruthú léi. D'áiritheoinn freisin nach gcruthófaí rómhaorlathas breise le dlíthe náisiúnta agus nach ndéanfaí 'rórialáil' ar na huirlisí sin, a bhfuil tionchar iomlán comhchuibhithe acu. Thabharfainn aird ar leith ar thionchar an Leabhair Rialacha Digiteacha ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar ghnólachtaí atá ag méadú, lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme é ar bhealach a chuideoidh lenár ngeilleagar a bheith rathúil. D'fhéachfainn freisin ar na huirlisí digitithe uile a d'fhéadfadh a bheith ann chun comhlíonadh rialacha an Aontais a dhéanamh níos éasca don phobal gnó.

**8. Ardáin ríomhthráchtála**

*Chuir Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von den Leyen, de chúram ort a bheith i gceannas ar an obair chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hardáin ríomhthráchtála, go háirithe ó thríú tíortha, chun a chinntiú go mbainfidh tomhaltóirí agus gnólachtaí tairbhe as cothrom iomaíochta bunaithe ar rialacha éifeachtacha custaim, cánach agus sábháilteachta agus inbhuanaitheachta. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat na cuspóirí sin a bhaint amach agus go háirithe cad iad na príomh-shaincheisteanna a shainaithin tú mar phríomh-shaincheisteanna agus cad iad na huirlisí agus na bearta chun aghaidh a thabhairt orthu, go háirithe nuair atá na príomhghníomhaithe bunaithe i dtríú tíortha? Conas a chuideoidh sé sin le feidhmiú an Mhargaidh Aonair a fheabhsú agus le cearta thomhaltóirí an Aontais a chosaint? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat comhoibriú maidir leis an gcúram sin le Comhaltaí eile den Choláiste agus le húdaráis forfheidhmiúcháin sna Ballstáit?*

Ní mór dúinn gníomhú i leith na rioscaí sláinte agus sábháilteachta agus na díobhála don chomhshaol a eascraíonn as na billiúin pacáistí beaga a bheith á seoladh go díreach chuig tomhaltóirí an Aontais trí idirghabháil ardán ríomhthráchtála ar líne tríú tíortha agus as neamhchomhlíonadh rialta rialacha an Aontais ag na táirgí sin, go háirithe ó thaobh barántúlachta agus sábháilteachta de. Tá gealltanas soiléir sna Treoirlínte Polaitiúla chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hardáin ríomhthráchtála. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, treoróidh mé an obair chun é sin a bhaint amach, agus cur chuige iomlánaíoch á ghlacadh lena bhféachfar ar rialuithe éifeachtacha custaim, cánach agus sábháilteachta agus ar fhaireachán agus ar chaighdeáin inbhuanaitheachta eile, lena bhfeabhsófar sábháilteacht agus comhlíontacht táirgí a dhíolann díoltóirí tríú tíortha ar líne, lena dtacófar le forfheidhmiú éifeachtúil agus comhordaithe, agus lena n-áiritheofar iomaíocht chóir agus cothrom iomaíochta. Ba cheart don Aontas leas iomlán a bhaint as an mbosca uirlisí atá ar fáil dó chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hardáin ríomhthráchtála.

Beidh ról ríthábhachtach ag cur chun feidhme an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, an Rialacháin maidir le Faireachas Margaidh agus an Rialacháin maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí chun a áirithiú go ndéanfaidh táirgí a thairgtear lena ndíol ar líne do thomhaltóirí Eorpacha rialacha uile an Aontais is infheidhme a chomhlíonadh. Is ríthábhachtach forfheidhmiú láidir agus éifeachtach i gcoinne gníomhaithe nach gcomhlíonann na rialacha, agus faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha tá cuideachtaí i mbaol fíneálacha suas le 6 % dá láimhdeachas domhanda a fháil. Tá margaí ar líne agus cosaint tomhaltóirí ar líne ar cheann de thosaíochtaí forfheidhmithe an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha. Tá fianaise á bailiú ag an gCoimisiún faoi láthair ar shaincheisteanna sistéamacha maidir le margaí ar líne agus rinne sé gníomhaíocht imscrúdaitheach cheana i ndáil le roinnt ardán ríomhthráchtála a thagann faoina shainchúram, lena n-áirítear maidir le hamhras a bhaineann le trádálaithe bradacha agus leis an riosca go gcuirfí táirgí neamhdhleathacha a mbíonn tionchar diúltach acu ar thomhaltóirí ar fáil. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, déanfaidh mé obair leantach ar an méid sin ar bhealach láidir agus pras.

Ní mór don tsochaí shibhialta, go háirithe comhlachais tomhaltóirí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, tacú le dea-fhorfheidhmiú. Ba cheart neamhfhulaingt a bheith ag an Aontas ar thrádálaithe bradacha a thrádálann táirgí neamhshábháilte agus ar tháirgí a mhonaraítear le saothar éigeantais.

Chun táirgí neamhshábháilte nó neamhchomhlíontacha a shainaithint agus a chosc ó dhul isteach sa Mhargadh Aonair, tá gá freisin le comhar feabhsaithe idir údaráis chustaim agus údaráis um fhaireachas margaidh. D'áiritheoinn go dtacódh an Coimisiún leis sin mar chuid dá rannpháirtíocht leanúnach leis na húdaráis náisiúnta chun a áirithiú go mbeidh forfheidhmiú an Aontais agus forfheidhmiú náisiúnta nasctha go héifeachtach. A bhuí leis na hoibleagáidí fairsinge trédhearcachta agus faisnéise a leagtar amach sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha i ndáil le trádálaithe a shainaithint, agus leis na rialacha inrianaitheachta nua comhlántacha faoin Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, tá údaráis éagsúla in ann a fheiceáil anois cé atá taobh thiar de dhíolachán táirge ar leith ar líne. Ní mór an fhaisnéis sin agus cineálacha eile faisnéise a úsáid le haghaidh forfheidhmiú éifeachtach comhordaithe. Ba cheart tacú leis na húdaráis náisiúnta um fhaireachas margaidh freisin maidir le gníomhaíochtaí comhpháirteacha samplála agus tástála agus scuab-imscrúduithe sábháilteachta táirgí a eagrú chun comhlíontacht gníomhaithe ríomhthráchtála a sheiceáil agus a fheabhsú.

D'oibreoinn i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta chun a áirithiú gur féidir le tomhaltóirí Eorpacha tairbhe a bhaint as na deiseanna a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha a chosnaítear ar chleachtais mhí-eiticiúla a bhuí le creat éifeachtach forfheidhmithe tomhaltóirí, lena n-áirítear *vis-à-vis* trádálaithe atá bunaithe lasmuigh den Aontas.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé go dtógfaidh ár gcuid oibre maidir le ríomhthráchtáil ar an athchóiriú custaim atá beartaithe freisin. Tá méadú faoi cheathair tagtha le 4 bliana anuas ar líon na mbeartán a bhfuil luach suas le €150 orthu, atá díolmhaithe faoi láthair ó dhleachtanna custaim, a sheoltar go díreach ó thríú tíortha. Is é 4 bhilliún ítim an líon a mheastar a bheidh ann in 2024, agus ní bheidh údaráis ach i seacht mBallstát (an Ísiltír, an Bheilg, an Fhrainc, an Ungáir, an Iodáil, an Spáinn agus an Ghearmáin) freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar níos mó ná 90 % de na hallmhairí sin isteach san Aontas. Níl na próisis agus na huirlisí custaim atá ann faoi láthair oiriúnach dá bhfeidhm a thuilleadh. Le hAthchóiriú Custaim uaillmhianach an Aontais a moladh in 2023, chuirfí deireadh leis an tairseach díolúine ó dhleacht €150 agus dhéanfaí atreisiú struchtúrach ar chumais rialaithe trí bhainistiú riosca ar leibhéal an Aontais a chumasú in údarás custaim nua an Aontais agus i Mol Sonraí Custaim an Aontais. Chuirfeadh an t-athchóiriú feabhas suntasach ar chumas an Aontais freagairt do bhagairtí ó thrácht ríomhthráchtála aindleathach agus neamhchomhlíontach, agus d'oibreoinn leis an gCoimisinéir um an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch chun é a ghlacadh go pras. Má mheastar go mbaineann an tsamhail ghnó leas as an deacracht struchtúrach seiceálacha leordhóthanacha comhlíontachta a chur i bhfeidhm ar an líon ollmhór earraí a dhéantar a phacáistiú ina n-aonar agus a sheoltar ón gcoigríoch, ba cheart dúinn a bheith oscailte do bhearta eile freisin.

D'oibreoinn freisin chun a áirithiú gur féidir le margaí beaga ar líne atá bunaithe san Aontas fás agus dul in iomaíocht le margaí atá bunaithe lasmuigh den Aontas. Ní féidir é sin a dhéanamh ach amháin trí iarracht chomhpháirteach, agus chabhródh cur chuige foirne ildisciplíneach feabhsaithe laistigh den Choimisiún leis na réitigh is fearr ar an dúshlán sin a shainaithint agus a chur chun feidhme.

<u>Ceist ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha / Ceist ón bhFochoiste um Shlándáil agus um Chosaint</u>

*9. Tá an tAontas ag tabhairt aghaidh ar an tacar bagairtí is casta agus ar thimpeallacht slándála atá ag dul in olcas ó dheireadh an Chogaidh Fhuair, agus bagairtí ag teacht ón taobh amuigh agus laistigh den Aontas. Cuireadh de chúram ort oibriú i gcomhar leis an gCoimisinéir um Chosaint agus Spás agus le Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus leis an Ardionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chun beocht a chur san Aontas Cosanta agus chun ár gcomhdhlúthú tionsclaíoch cosanta a chur chun cinn, ilroinnt, dúbailt agus neamhéifeachtúlachtaí a laghdú. Príomhghné de sin is ea leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus nuálacha chun a áirithiú go mbeidh buntáiste teicneolaíoch na cosanta againn, mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, conas atá sé i gceist agat tacú leis an nuálaíocht agus leis an bhforbairt dhigiteach i dtionscal na Cosanta, chomh maith lena acmhainneacht dé-úsáide agus shibhialta-mhíleata agus a áirithiú nach mbeidh iarrachtaí chun teicneolaíochtaí dé-úsáide amhail IS a rialáil taobh thiar de luas tapa na forbartha i bhfeidhmeanna míleata, laistigh agus lasmuigh de theorainneacha an Aontais araon? Ina theannta sin, cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat dul i dteagmháil leis na Ballstáit, leis an Leas-Uachtarán/Ardionadaí, le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun creataí rialachais a bhunú chun teicneolaíochtaí dé-úsáide a fhorbairt agus a úsáid go freagrach, lena n-áirítear cur i bhfeidhm míleata IS lena ráthaítear rialú fónta an duine? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat feabhas a chur ar shlándáil na mbonneagar criticiúil san Aontas?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, in éineacht le Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus leis an gCoimisinéir um an gCosaint agus um an Spás, treoróidh mé an obair chun beocht a chur san **Aontas Eorpach um Chosaint** ar bhealaí a neartóidh ár slándáil agus ár n-acmhainneacht díspreagtha agus a spreagfaidh ár n-iomaíochas tionsclaíoch.

Tá an nuálaíocht ríthábhachtach chun cumais chosanta úrscothacha a áirithiú agus chun spleáchais straitéiseacha a íoslaghdú, go háirithe i ndáil le comhpháirteanna digiteacha agus intleachta saorga. Chuirfinn dlús lenár n-uaillmhian nuálaíocht cosanta a chothú ar mhaithe le hiomaíochas ár dtionscal agus ar mhaithe le hardchéimíocht theicneolaíoch fhórsaí armtha na mBallstát. Tá tionscnaimh nua tugtha isteach ag an gCiste Eorpach Cosanta chun teicneolaíochtaí sibhialta a chomhtháthú i gcórais chosanta agus chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus le cuideachtaí beaga. Le seoladh na Scéime Nuálaíochta Cosanta Eorpaí, tá sé d'aidhm ag an Aontas €1.5 billiún a infheistiú faoi 2027, agus cistiú a bhfuil géarghá leis a chur ar fáil don nuálaíocht i réimse na cosanta. Mar sin féin, ní mór dúinn caipiteal agus acmhainneacht a scaoileadh trí athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcreat rialála chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní sriantacha ar infheistíochtaí sa nuálaíocht.

Tháinig an Coimisiún agus an Ciste Eorpach Infheistíochta le chéile chun an tSaoráid Cothromais Cosanta a chruthú, arb é is aidhm di forbairt éiceachórais de chistí príobháideacha a infheistíonn sa nuálaíocht i réimse na cosanta a spreagadh. Is féidir fíoréifeacht shuaiteach a bheith ag cuideachtaí beaga domhainteicneolaíochta, ach tá siad fós tearcmhaoinithe agus bíonn deacrachtaí acu a bhfás a mhaoiniú agus dul isteach i slabhraí soláthair cosanta. Ní féidir leis an Eoraip tionscadail T&F a fhóirdheonú agus cosc a chur san am céanna ar chuideachtaí an ghnó a eascraíonn as torthaí an tionscadail a fhás.

Go nithiúil, ba mhaith liom (1) tacú le huas-scálú na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus na dteicneolaíochtaí suaiteacha a bhfuil dé-úsáid agus acmhainneacht shibhialta-mhíleata acu; (2) bealaí nua a lorg chun nuálaíocht agus gnólachtaí nuathionscanta a mhaoiniú; (3) bearta slándála taighde a chur chun cinn agus (4) bacainní rialála nach bhfuil gá leo a bhaint. Ar an iomlán, bheadh sé de chuspóir agam timthriallta cistiúcháin níos solúbtha, níos tapúla agus níos barainní a bheith ann, chomh maith le bacainní níos ísle ar chomhar trasteorann agus nasc níos fearr le húsáideoirí deiridh míleata agus infheisteoirí.

San am atá thart, dhírigh cláir taighde atá ann cheana ar fheidhmeanna 'sibhialta' nó ar fheidhmeanna 'cosanta' go heisiach. Tá an chuid is mó de theicneolaíochtaí criticiúla na todhchaí dé-úsáide, áfach. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i gcomhar leis na Coimisinéirí eile lena mbaineann chun leas a bhaint as acmhainneacht dé-úsáide agus acmhainneacht shibhialta-mhíleata an Aontais. Chuirfeadh sé sin le torthaí an Pháipéir Bháin a cuireadh i láthair i mí Eanáir 2024 le roghanna chun tacú le T&F a bhaineann le teicneolaíochtaí dé-úsáide. Is féidir le sineirgí a bheith ina mbuntáiste d'fheidhmeanna shibhialtacha freisin. D'oibreoinn le Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta chun ár gcuid oibre a chur i gcomhréir lena chláir dé-úsáide agus chun infheistíochtaí atá dírithe ar fhorbairtí dé-úsáide agus cosanta a dhí-rioscú. Bheadh sé d'aidhm agam freisin ár gcomhar le huirlisí nuálaíochta ECAT a leathnú a thuilleadh.

Leis na forbairtí is déanaí in intleacht shaorga, cuireadh i dtábhacht acmhainneacht mhór na teicneolaíochta chun cumas cosanta a mhéadú, lena n-áirítear feidhmíocht a fheabhsú, daoine a bhaint de thimpeallachtaí ina bhfuil bagairt mhór, costais chumais a laghdú agus buntáiste neamhshiméadrach a bhaint amach. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, chun spleáchais a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar an mbearna atá ann i bhforbairt na hintleachta saorga le haghaidh na cosanta, áiritheoidh mé go leanfaimid de ghníomhaíocht a dhéanamh tríd an gCiste Eorpach Cosanta, lena gcuirfear comhar agus infheistíocht Eorpach san intleacht shaorga le haghaidh na cosanta chun cinn, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

Maidir le teicneolaíochtaí dé-úsáide, an Intleacht Shaorga mar shampla, cuirtear sásraí ar fáil cheana leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga chun teicneolaíochtaí iontaofa a fhorbairt. Ina theannta sin, oibreoidh mé leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán i ngach fóram idirnáisiúnta ábhartha chun teacht ar chomhaontuithe ceangailteacha maidir le rialú fónta daonna ar fheidhmeanna criticiúla na gcóras a chuirtear in úsáid i réimse na cosanta. Ní thacóidh cistiú tionsclaíoch cosanta na hEorpa le córais mharfacha uathrialaitheacha a fhorbairt nach bhfuil formhaoirseacht dhaonna shubstaintiúil acu maidir le spriocanna daonna a roghnú agus dul i ngleic leo. Mar sin féin, is féidir leis an intleacht shaorga tacaíocht luachmhar chinnteoireachta a chur ar fáil chun anailís a dhéanamh ar chásanna casta comhraic agus chun freagairt dóibh, chomh maith le bheith mar bhonn taca faoi theicneolaíochtaí cosantacha, mar shampla córais luathrabhaidh agus frithbhearta. Sa phróiseas sin, oibreoidh mé go dlúth le Parlaimint na hEorpa agus beidh na páirtithe leasmhara ábhartha uile rannpháirteach.

Táim tiomanta go daingean feabhas a chur ar shlándáil agus athléimneacht an bhonneagair chriticiúil agus na n-eintiteas a oibríonn an bonneagar sin ar fud an Aontais. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i gcomhar

leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile atá ag obair ar shlándáil fhisiciúil agus cibearshlándáil ár mbonneagair chriticiúil. I ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um Ghnóthaí Inmheánacha agus um an Imirce, díreoidh mé ar chur chun feidhme iomlán agus tráthúil na Treorach athbhreithnithe maidir le Slándáil Gréasán agus Faisnéise agus na Treorach maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil a áirithiú. Le cur i bhfeidhm comhcheangailte an dá Threoir, beimid in ann dul i ngleic le cibearbhagairtí agus bagairtí fisiciúla araon ar bhealach níos comhtháite agus níos iomlánaíche. Is é an tosaíocht a bheadh agam ina leith sin obair leantach a dhéanamh ar thorthaí na dtástálacha struis ar bhonneagar criticiúil fuinnimh, agus ar mheasúnú comhordaithe cibear-riosca an Aontais ar earnáil an leictreachais, chomh maith leis an measúnú cibear-riosca ar earnáil na cumhachta gaoithe. Bheadh siad sin mar thúsphointe agam chun measúnú breise a dhéanamh ar réitigh bhreise, mar shampla chun cosaint an bhonneagair fuinnimh fomhuirí a threisiú nó chun feabhas a chur ar mhalartuithe slána faisnéise íogaire idir na Ballstáit agus oibreoirí eintiteas criticiúil fuinnimh.

D'áiritheoinn freisin go n-oibreodh an Coimisiún trí Chomhairleoirí Slándála Cosanta an Aontais chun tacú leis na Ballstáit trí mheasúnuithe leochaileachta le linn imeachtaí ardriosca agus maidir le bonneagair chriticiúla.

Rannchuidíonn seirbhísí spáis an Aontais (Galileo agus Copernicus) go mór le slándáil an bhonneagair chriticiúil a áirithiú, rud a chumasaíonn feidhmiú roinnt earnálacha eacnamaíocha agus a soláthraíonn seirbhísí fíor-riachtanacha le haghaidh na slándála agus na cosanta. San am céanna, is bonneagar criticiúil ann féin é an spás. D'oibreoinn leis an gCoimisinéir um an gCosaint agus um an Spás chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh sa togra a bheidh ann amach anseo le haghaidh Dhlí Spáis an Aontais ar rioscaí atá ag teacht chun cinn do shlándáil an bhonneagair spáis agus go bhfeabhsófar cosaint agus athléimneacht na sócmhainní spáis.

Ar deireadh, le IRIS², bheadh sé d'aidhm agam seirbhísí nascachta slána a chur ar fáil do na Ballstáit leis an leibhéal is airde cosanta ar gach bagairt a d'fhéadfadh a bheith ann.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas</u>

*10. I bhfianaise raon feidhme mór do shainchúraimí, conas a oibreoidh tú chun a chinntiú go bhfaighidh earnálacha na meán agus an chlosamhairc tosaíocht, fócas agus acmhainní buiséadacha leordhóthanacha i gcomhréir lena ról cultúrtha, sochaíoch agus eacnamaíoch chomh maith leis na dúshláin atá ann faoi láthair maidir leis an gclaochlú digiteach? Go háirithe, cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat leanúint de chur chun feidhme comhleanúnach agus faireachán a áirithiú ar chreat casta dlíthiúil an Aontais a bhfuil tionchar aige ar earnálacha na meán, an chlosamhairc agus na cruthaitheachta, go háirithe a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc (AVMSD) agus an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán (EMFA)?*

Ós rud é gur iriseoir a bhí ionam, agus i gcomhréir leis an litir mhisin a cuireadh chugam, dhéanfainn cur chuige a shaothrú i leith na meán lena n-aithnítear a n-áit uathúil inár ndaonlathais agus inár gcultúr, agus tacaíocht á tabhairt dá bhforbairt tráchtála san am céanna. D'áiritheoinn, aon uair a bheadh ról le himirt ag an Aontas, go dtacódh rialáil, cistiú agus beartas go héifeachtach lena chéile chun earnáil closamhairc agus meán níos láidre a thógáil, earnáil a bhfuil ról aici maidir le díospóireacht dhaonlathach a éascú, ár gcultúr a shaibhriú, agus an claochlú digiteach a chur chun cinn le gníomhaithe láidre sna meáin.

Tá Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc ar cheann de bhunchlocha ár mbeartais maidir leis na meáin. Cuireann rialacha earnáilsonracha na Treorach sin ábhar Eorpach agus iolrachas na meán chun cinn agus tugann siad cosaint do thomhaltóirí agus dár sochaí i gcoitinne. Is é is aidhm do na rialacha cothrom iomaíochta a bhaint amach idir gníomhaithe nua agus gníomhaithe traidisiúnta sna meáin. Neartaíonn siad freisin cosaint an lucht féachana, mionaoisigh san áireamh, ar ardáin comhroinnte físeán agus cothaíonn siad éagsúlacht chultúrtha trí chuótaí, rialacha maidir le suntasacht agus oibleagáidí maidir le hinfheistíocht ceadaithe. Leis na rialacha, ceanglaítear ar na Ballstáit rialtóirí neamhspleácha closamhairc a bheith acu, agus ní mór foireann agus acmhainní leordhóthanacha a bheith ag na rialtóirí sin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tabharfaidh mé aird ar leith ar chur chun feidhme praiticiúil Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc agus na ndlíthe digiteacha gaolmhara. Agus comhlíontacht na mBallstát á cur chun cinn agam, bhainfinn leas iomlán as gach ionstraim cur chun feidhme agus forfheidhmithe, lena n-áirítear imeachtaí um shárú.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúth-theagmháil leis an gCoiste um Chultúr agus um Oideachas sa Pharlaimint mar chuid den phróiseas meastóireachta ar Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc atá ar na bacáin agus atá le cur i gcrích faoi 2026. Ba cheart easnaimh an chreata atá ann cheana a shainaithint sa mheastóireacht, agus dúshláin nua maidir le hinfheictheacht ábhair Eorpaigh, éabhlóid an mhargaidh agus teacht

chun cinn teicneolaíochtaí agus gníomhaithe nua, tionchairí, mar shampla, á gcur san áireamh. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chruthú ábhair Eorpaigh a chosaint, ar an gcreat le haghaidh oibleagáidí ranníocaíochta airgeadais, ar an sainmhíniú ar shaothair Eorpacha agus ar léiriúcháin neamhspleácha. Tá na saincheisteanna sin ríthábhachtach chun ábhar fíor-Eorpach a chur chun cinn agus chun a áirithiú go leanfar de na cearta maoine intleachtúla comhfhreagracha a chosaint sa Mhargadh Aonair.

Ba mhaith liom freisin, ó thús thréimhse mo shainordaithe, agus i gcomhar leis an gCoimisinéir um Chothroime Idirghlúine, um an Óige agus um Chultúr agus Spórt, dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara ábhartha, cruthaitheoirí agus táirgeoirí meán, cumainn agus údaráis na mBallstát. Is iad na treoirchuspóirí a bheadh agam san obair sin cothrom iomaíochta a fheabhsú a thuilleadh, cosaint níos fearr a thabhairt don lucht féachana, go háirithe mionaoisigh, agus borradh a chur faoi iomaíochas agus éagsúlacht chultúrtha earnáil chlosamhairc na hEorpa. Chuige sin, dhéanfainn sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann idir Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc agus dlíthe digiteacha a shainaithint agus leas a bhaint astu agus d'fhéachfainn leis an gcreat rialála a shimpliú agus a chuíchóiriú.

Tá dlúthnasc idir an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán agus Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc agus tá siad comhlántach. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé go dlúth leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta chun a áirithiú go gcuirfear an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán chun feidhme agus go mbainfidh sé torthaí amach ar an talamh. Ós rud é go bhfuil saoirse na meán chomh tábhachtach sin don smacht reachta agus don Sciath don Daonlathas, dhéanfainn comhordú freisin le Comhaltaí eile den Choláiste atá i gceannas ar an iomaíochas agus ar réimsí beartais eile atá ábhartha d'earnáil an chlosamhairc agus na meán. Sa chomhthéacs sin, ba cheart bunú an Bhoird Eorpaigh nua um Sheirbhísí na Meán agus a rúnaíochta a bheith mar thosaíocht láithreach. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an Bord oibríochtúil go tapa agus go mbeidh sé in ann a chúraimí tábhachtacha a chomhlíonadh maidir le meáin neamhspleácha inbhuanaithe a chur chun cinn, ar cúraimí iad atá ríthábhachtach freisin sa chomhrac i gcoinne na bréagaisnéise.

Má dheimhnítear an Pharlaimint m'ainmniúchán, áiritheoidh mé go n-oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit uile ionas go mbeidh cur chun feidhme an Rialacháin ar an mbóthar ceart roimh spriocdháta mhí Lúnasa 2025, go háirithe maidir lena rialacha i dtaca le craoltóirí poiblí, cosaint iriseoirí agus neamhspleáchas eagarthóireachta na meán.

Cuimsíonn earnáil meán na hEorpa roinnt tionscal criticiúil agus straitéiseach don Aontas, i dtéarmaí cultúrtha, sochaíocha agus airgeadais. Is de chineálacha éagsúla iad na tionscail seo agus áirítear closamhairc, nuacht, na meáin agus físchluichí ina measc. Tá iarrachtaí móra déanta ag an Aontas chun tacú le hathléimneacht agus claochlú na dtionscal sin, ach is gá níos mó a dhéanamh chun cuidiú leo aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag dul i méid, mar shampla an claochlú digiteach leanúnach agus iomaíocht dhomhanda nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. I ndáil leis an méid sin, tugaim aird ar an nglao ar ghníomhaíocht ó Pharlaimint na hEorpa i ndáil le tionscal na bhfíschluichí, agus feicim freisin gur cuid d'earnáil na meán í atá ag éirí níos tábhachtaí.

Maidir le tacaíocht airgeadais, is é Clár MEDIA bunchloch airgeadais ár mbeartais meán faoi láthair, agus tá cuspóirí an chláir sin maidir le héagsúlacht chultúrtha agus iomaíochas a chur chun cinn ríthábhachtach.

Ceist ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

**11. Cóipcheart**

*I do litir mhisin, iarrtar ort 'machnamh a dhéanamh ar an ngá atá le tuilleadh feabhais a chur ar an gcreat cóipchirt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua a eascraíonn as forbairtí sa mhargadh agus sa teicneolaíocht' agus 'cuidiú le teicnící mí-eiticiúla ar líne a chomhrac, amhail patrúin dhorcha'.*
*Beidh ról ríthábhachtach ag creat den sórt sin i bhforbairt na hIntleachta Saorga (IS) agus teicneolaíochtaí eile amach anseo. Réimse ollmhór casta taiscéalaíochta is ea an caidreamh idir IS agus cóipcheart agus cearta gaolmhara. Leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga a glacadh le déanaí, arb é is aidhm dó feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus glacadh IS atá dírithe ar an duine agus iontaofa a chur chun cinn agus, ag an am céanna, ardleibhéal cosanta a áirithiú (maidir le sláinte, sábháilteacht, sonraí pearsanta agus cearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha), tugadh aghaidh go páirteach ar an tsaincheist maidir le húsáid ábhair atá faoi chosaint cóipchirt trí oiliúint a chur ar shamhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha. Cuireann sí i bhfios go láidir nach mór do chórais intleachta saorga ilchuspóireacha ceanglais trédhearcachta áirithe a chomhlíonadh trí achoimrí mionsonraithe a fhoilsiú ar an ábhar a úsáidtear chun an intleacht shaorga a oiliúint agus an gá atá le dlí cóipchirt an Aontais a chomhlíonadh, agus go háirithe na*

*heisceachtaí mianadóireachta téacs agus sonraí mar a leagtar síos i dTreoir 2019 maidir le Cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach (CDSM). Anois, tá sé fós le feiceáil conas a chuirfear na rialacha agus na cóid ghaolmhara sin chun feidhme go héifeachtúil sa chleachtas. Cé gur thosaigh an Gníomh um an Intleacht Shaorga ag tabhairt aghaidh ar an gcaidreamh idir IS Giniúnach agus cóipcheart, ba ghá réimsí eile den chaidreamh sin a shoiléiriú. Cruthaíonn IS giniúnach dúshláin nua don chreat dlíthiúil cóipchirt nach dtugtar aghaidh air fós agus a bhféadfadh éifeachtaí féideartha a bheith aige ar chruthaitheacht, nuálaíocht agus ar iomaíochas an Aontais, amhail cosaint cóipchirt a d'fhéadfadh a bheith ann d'aschur arna ghiniúint ag IS, luach saothair iomchuí na n-údar as úsáid a saothar ag IS Giniúnach nó sárú cóipchirt i gcomhthéacs IS Giniúna. Ag an am céanna, ní hamháin go bhfuil na teicnící mí-eiticiúla a úsáidtear ar líne ag trasnú chosaint tomhaltóirí ach tá siad ag trasnú na gceisteanna an-eiticiúla freisin a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí nua-aimseartha agus le cearta maoine intleachtúla, go háirithe cóipcheart, i gcás ina bhféadfadh frustrachas an chóipchirt a bheith mar thoradh ar na patrúin dhorcha.*
*I bhfianaise an mhéid thuas, ar an gcéad dul síos - cad é do straitéis chun a áirithiú go dtabharfaidh an creat cóipchirt aghaidh go hiomlán ar na dúshláin uile a eascraíonn as IS agus teicneolaíochtaí nua, go leanfaidh sé de bheith ag cur borradh faoin gcruthaitheacht, faoin nuálaíocht agus faoi iomaíochas an Aontais sa ré dhigiteach, lena n-áirítear aon tionscnaimh reachtacha a d'fhéadfadh a bheith beartaithe agat a chur ar aghaidh ina leith sin, ar an dara dul síos - conas a chomhordófá obair leis an gCoimisinéir um Chothromaíocht Idirghlúine, an Óige, Cultúr agus Spórt chun straitéis a fhorbairt do thionscail chultúrtha agus chruthaitheacha lena dtabharfaí aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le IS agus - ar an tríú dul síos - conas a d'áiritheofá go rachfaí i ngleic leis na rioscaí a bhaineann le patrúin dhorcha ar líne ag trasnú na heitice, dhlí maoine intleachtúla agus chosaint tomhaltóirí?*

Tá creat láidir cóipchirt fíor-riachtanach i gcónaí chun tacú le táirgeadh agus dáileadh ábhair chruthaithigh i ré na hintleachta saorga, agus go háirithe i ré na hintleachta saorga giniúnaí. Tá an tAontas ar thús cadhnaíochta i rialáil na hintleachta saorga agus i gcóipcheart – a bhuí leis na rialacha maidir le mianadóireacht téacsanna agus sonraí sa Treoir maidir le Cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach agus sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga a glacadh le déanaí. Is é is aidhm do na rialacha sin cothromaíocht a bhaint amach idir an nuálaíocht agus cosaint na sealbhóirí ceart. Le cur i bhfeidhm éifeachtach na rialacha sin, ba cheart deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar, ní hamháin do chruthaitheoirí agus do thionscail chruthaitheacha, ach d'fhorbróirí na hintleachta saorga freisin. Tá sé fíor-riachtanach a áirithiú go n-oibreoidh na rialacha sin sa chleachtas, go háirithe nuair a fhorchoimeádann sealbhóirí ceart a gcearta faoin riail eisceachta maidir le mianadóireacht téacsanna agus sonraí. Faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga, beidh ar fhorbróirí samhlacha intleachta saorga giniúnaí achoimre a nochtadh ar na sonraí ábhair a úsáideadh chun oiliúint a chur ar an tsamhail in achoimre atá ar fáil go poiblí. Leis sin, ba cheart níos mó trédhearcachta a bheith ann maidir le húsáid ábhair chosanta le haghaidh oiliúint intleachta saorga. Tá na rialacha nua sin á gcur i ngníomh faoi láthair tríd an gCód Cleachtais il-pháirtithe leasmhara maidir le hintleacht shaorga ilchuspóireach, a bhfuil acadóirí ceannródaíocha na hintleacht saorga agus an chóipchirt ina gcathaoirligh air. Leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, neartófar a thuilleadh an trédhearcacht maidir leis an intleacht shaorga ghiniúnach agus beidh sé d'oibleagáid ar fhorbróirí a áirithiú go mbeidh meaisín in ann ábhar a ghintear leis an intleacht shaorga a bhrath agus go mbeidh lipéadú feiceálach ar dhomhainbhrionnuithe.

Ag tógáil ar na príomhfhorálacha sin, má dheimhníonn Parlaimint na hEorpa m'ainmniúcháin, féachfaidh mé le breis feabhais a chur ar chreat cóipchirt an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua a eascraíonn as forbairtí sa mhargadh agus sa teicneolaíocht. Tá sé fíor-riachtanach tacú le margadh dea-fheidhmiúil a fhorbairt le haghaidh ceadúnú saothar atá faoi chosaint cóipchirt chun críocha na hintleachta saorga, ina mbeidh téarmaí cothroma do na gníomhaithe éagsúla lena mbaineann, chun luach saothair iomchuí a áirithiú do chruthaitheoirí agus do thionscail chruthaitheacha, agus rochtain iomaíoch ar shonraí ardcháilíochta á háirithiú san am céanna do sholáthraithe intleachta saorga, go háirithe soláthraithe beaga atá bunaithe san Aontas. Ba cheart don Choimisiún imscrúdú a dhéanamh an féidir sásraí sonracha ceadúnaithe agus idirghabhála a bheartú chun tabhairt i gcrích ceadúnas idir tionscail chruthaitheacha agus cuideachtaí intleachta saorga a éascú agus chun aon riosca frithdhúnadh a sheachaint.

Eascraíonn ceisteanna casta freisin as rolladh amach seirbhísí ábhair a ghintear le hintleacht shaorga maidir le stádas dlíthiúil an ábhair a ghintear go huathrialach le hintleacht shaorga agus maidir leis an dliteanas i leith sáruithe cóipchirt a d'fhéadfadh a bheith ann. Dhéanfainn obair chun a áirithiú go ndéanfaidh an Coimisiún mionscrúdú ar na saincheisteanna sin i bhfianaise forbairtí sa mhargadh agus forbairtí teicneolaíocha.

Agus aghaidh á tabhairt ar na ceisteanna sin, d'áiritheoinn go mbainfí cothromaíocht amach le haon bhearta nua a mholtar chun feabhas a chur ar chreat cóipchirt an Aontais idir cruthaitheacht an duine a spreagadh agus tacú le forbairt teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, gan castacht rialála mhíchuí a chruthú.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé go dlúth leis an gCoimisinéir um Chothroime Idirghlúine, um an Óige agus um Chultúr agus Spórt chun straitéis a fhorbairt a fhreagraíonn go sonrach do na deiseanna agus do na dúshláin a bhaineann leis an intleacht shaorga le haghaidh tionscal cultúrtha agus cruthaitheach. Is féidir leis an straitéis sin tógáil ar an nGníomh um an Intleacht Shaorga agus ar chreat cóipchirt an Aontais agus sraith gníomhaíochtaí spriocdhírithe a mholadh chun nuálaíocht a chothú i dtionscail an chultúir agus na cruthaitheachta, samhlacha cothroma gnó a chur chun cinn agus éagsúlacht chultúrtha agus éagsúlacht teanga a fheabhsú ar líne.

D'fhéadfadh patrúin dhorcha cearta maoine intleachtúla a shárú, lena n-áirítear trádmharcanna agus cóipcheart, agus é de chuspóir acu úsáideoirí a chur amú ar líne. Tá cosc sainráite cheana ar phatrúin dhorcha ar ardáin ar líne leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, ach d'fhéadfadh siad a bheith le feiceáil i ngníomhaíochtaí eile ar líne freisin. Oibreoidh mé go dlúth leis an gCoimisinéir atá freagrach as an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

Leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, cuirtear toirmeasc ar chleachtais, lena n-áirítear córais a úsáideann teicnící fo-thairseachúla nó teicnící mealltacha chun daoine a ionramháil ar bhealaí díobhálacha. Cumhdaítear leis sin patrúin dhorcha agus teicnící ionramhála eile. D'áiritheoinn go gcuirfeadh an Coimisiún treoirlínte ar fáil maidir leis na toirmisc sin, lena gcinnteofaí go ndéanfaimis faireachán ar an gcur chun feidhme éifeachtach ón 2 Feabhra 2025 ar aghaidh, nuair a thiocfaidh sé i bhfeidhm.

Ceist ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

*12. Cuimsíonn do shainchúraimí raon leathan réimsí beartais a bhfuil Coiste LIBE inniúil ina leith, ó bhainistiú teorainneacha, tearmann agus imirce, saoirse, slándáil agus ceartas, agus an smacht reachta, go hintleacht shaorga agus beartas digiteach.*
*Ar thaobh amháin, dá bhrí sin, beidh tú i gceannas ar mhaoirseacht a dhéanamh ar obair an Choimisiúin maidir le teorainneacha seachtracha agus ar chur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, chomh maith leis an smacht reachta a neartú – lena n-áirítear i réimsí amhail neamhspleáchas breithiúnach, frithéilliú agus saoirse na meán – i gcomhar leis na Coimisinéirí freagracha. I ngach ceann de na réimsí seo, conas a threoróidh tú an obair sin agus cad iad na tosaíochtaí a bheidh agat?*
*Ar an taobh eile, beidh tú freagrach as cur chun feidhme agus forfheidhmiú na mórreachtaíochta beartais dhigitigh uile a glacadh le blianta beaga anuas chun aghaidh a thabhairt ar dhul chun cinn teicneolaíoch sonraíbhunaithe, amhail an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Gníomh um Margaí Digiteacha agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga, a bhfuil tionchar suntasach acu go léir ar na cearta bunúsacha chun cosanta sonraí agus chun príobháideachais. Conas a chinnteoidh tú go mbeidh na dlíthe éagsúla sin ann go comhchuí agus go gcuirfear chun feidhme agus go bhforfheidhmeofar iad agus caighdeáin an Aontais maidir le comhlíonadh na gceart bunúsach á gcaomhnú ag an am céanna? Agus conas is féidir leis na húdaráis inniúla atá freagrach as dlíthe digiteacha a fhorfheidhmiú, chomh maith le RGCS agus an Treoir maidir le ríomh-Phríobháideachas, comhoibriú go héifeachtach?*

Beidh cosaint ár ndaonlathais, neartú ár slándála, agus borradh a chur faoinár gclaochlú digiteach lárnach i mo shainordú má dhearbhaíonn an Pharlaimint m'ainmniúchán. Táim suite de nach n-éireoidh leis an obair sin ach amháin má tá ár mbunluachanna ina croílár.

Ní féidir dul i ngleic le cineál athraitheach na mbagairtí ar ár slándáil agus ar ár ndaonlathas ach amháin le fís shoiléir uileghabhálach straitéisí mar shampla an Sciath don Daonlathas, an Straitéis Slándála Inmheánaí, agus an tAontas Eorpach um Chosaint, agus an obair sin á comhtháthú go hiomlán inár mbeartais dhigiteacha agus inár gcibearshlándáil. Chun dul i ngleic le dúshláin na himirce, ní mór fanacht dílis don chothromaíocht idir an dlúthpháirtíocht agus an fhreagracht is bonn leis an gComhshocrú. Má táimid chun dul chun cinn a dhéanamh maidir lenár n-aistriú digiteach, ní mór a léiriú nach gcuirfidh sé sin slándáil, príobháideachas ná folláine ár saoránach i mbaol.

Ní mór dúinn torthaí a bhaint amach a léiríonn ár bprionsabail á gcur i ngníomh. Chuige sin, tá gá le comhar agus idirphlé. Ní mór dúinn oibriú le chéile chun cosc a chur ar theacht chun cinn agus ar fhorbairt easnaimh sa smacht reachta. Níor cheart aon Bhallstát a fhágáil ina aonar chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an imirce. Ní mór dúinn réitigh a oibriú amach lenár gceannródaithe digiteacha chun a áirithiú go gcoinneofar cearta agus cosaintí na saoránach sa timpeallacht dhigiteach. Tá malartú leanúnach le Parlaimint na hEorpa fíor-riachtanach chun cur leis an gcur chuige láidir comhleanúnach is gá chun a áirithiú go mbeidh an tAontas ag freagairt d'ábhair imní na saoránach.

Agus mé ag obair le mo chomh-Choimisinéirí chun na tosaíochtaí a leagtar amach sna Treoirlínte Polaitiúla a bhaint amach, leanfaidh mé treoirphrionsabail an chomhair agus ár luachanna agus díreoidh mé ar thorthaí a bhaint amach. Ba mhaith liom na pointí a cuireadh in iúl sa cheist a úsáid mar shamplaí den chaoi a n-oibreoidh sé seo go praiticiúil.

I réimse na himirce, ní mór leanúint den dianobair ar gach snáithe de chur chuige cuimsitheach. D'oibreoinn go dlúth leis an gCoimisinéir um Ghnóthaí Inmheánacha agus um an Imirce chun an an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a dhéanamh ina fhíoras ar an talamh. Ní mór dúinn a áirithiú go mbainfimid leas as na huirlisí uile atá ar fáil dúinn chun tacú leis na Ballstáit gealltanais dhlíthiúla a chur i bhfeidhm. D'aithin an t-údarás buiséadach an gá atá le tacaíocht bhuiséadach ón Aontas san athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil agus beidh cistí breise ar fáil chun tacú le cur chun feidhme an Chomhshocraithe. Ní mór cur chun feidhme an Chomhshocraithe a chomhlánú trí Frontex a fhorbairt trí phearsanra, teicneolaíocht úrscothach, rialachas láidir, agus tiomantas leanúnach do chearta bunúsacha a urramú go hiomlán. Ba cheart dúinn leanúint dár gcreat a neartú, le cur chuige coiteann nua maidir le filleadh daoine nach bhfuil an ceart acu fanacht san Aontas, agus le Straitéis nua AE um Beartas Víosaí. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tacóidh mé leis an gCoimisinéir um Ghnóthaí Inmheánacha agus um an Imirce togra reachtach nua a mholadh lena gceapfaí beartas éifeachtach nua i réimse an fhillte. Is é dinimic láidir don bheartas imirce san Eoraip an bunús is fearr chun limistéar Schengen a chosaint agus chun a áirithiú gur ar bhonn eisceachtúil amháin a dhéantar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha. San am céanna, ba cheart dúinn neamhfhulaingt a léiriú dóibh siúd a chuireann slándáil ár dteorainneacha agus ár saoránach i mbaol trí oibríochtaí hibrideacha lena ndéantar imircigh a ionstraimiú chun críoch polaitiúil.

Oibreoidh mé go dlúth freisin le comhaltaí eile den Choláiste ar an obair níos leithne ar ghné sheachtrach na himirce, ós rud é gur le comhpháirtíochtaí dea-fheidhmiúla amháin is féidir linn comhar a bhaint amach maidir le himeachtaí neamhrialta a chosc, smuigleáil imirceach a chomhrac agus bás daoine a chosc, agus maidir le filleadh agus athligean isteach rianúil freisin. An comhar san imirce a leabú i gcomhpháirtíochtaí fadréimseacha leasa fhrithpháirtigh, is é sin an bealach is fearr chun fíormhalartuithe a fhorbairt inar féidir linn dul i ngleic le saincheisteanna deacra, lena n-áirítear an gá atá le cearta an duine a chosaint ina n-iomláine. Cuireann sé sin lenár gclár oibre iomaíochais freisin, toisc go ndéantar, le cur chuige éifeachtach i leith bealaí dleathacha, dreasachtaí don imirce neamhrialta a laghdú agus na scileanna a theastaíonn ónár margadh saothair a chur ar fáil.

Tá an smacht reachta fíor-riachtanach d'fheidhmiú ár ndaonlathas, ár sochaithe agus ár ngeilleagar. Táim an-tiomanta don tosaíocht a thugtar leis na Treoirlínte Polaitiúla don smacht reachta. Má dheimhníonn Parlaimint na hEorpa m'ainmniúchán, oibreoidh mé go dlúth leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta, agus le Comhaltaí eile den Choláiste, chun a áirithiú go mbeidh ár mbosca uirlisí maidir leis an smacht reachta cothrom le dáta, go n-úsáidfear go héifeachtach é agus go mbainfidh sé torthaí amach a rachaidh chun tairbhe do chách, do shaoránaigh agus do ghnólachtaí araon. Áirítear sa bhosca uirlisí freisin leanúint den phróiseas maidir le tuarascálacha ar an smacht reachta a úsáid chun dul chun cinn breise a spreagadh i dtíortha an mhéadaithe roimh aontachas. Ní mór dúinn nasc níos dlúithe a thógáil idir an tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta agus a moltaí agus an tacaíocht airgeadais. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé go dlúth leis an gCoimisinéir um an mBuiséad chun na críche sin.

Tá dlúthbhaint ag réimse leathan beartas de chuid an Aontais leis an smacht reachta. Tá an smacht reachta ríthábhachtach don Mhargadh Aonair, agus tá an baol ann go gcuirfí isteach ar an gcothrom iomaíochta agus go gcuirfí srian lenár n-iomaíochas. Tá ról fíor-riachtanach ag na meáin agus ag an tsochaí shibhialta mar fhorais faire don smacht reachta. Is féidir leis an Aontas tacú le riaracháin phoiblí a bheith athléimneach i gcoinne an éillithe. Ar bhonn níos ginearálta, braitheann an clár oibre cur chun feidhme a leagtar amach sna Treoirlínte Polaitiúla go mór ar dhlí an Aontais a bheith á chur i bhfeidhm go cothrom agus go héifeachtach. Tionchar na nasc sin a uasmhéadú, is ról tábhachtach é sin do Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin.

Léiríonn na samplaí a luaitear sa cheist den reachtaíocht dhigiteach a glacadh le déanaí freisin an chaoi a bhfuil ár mbeartas digiteach leabaithe go domhain i roghanna sochaíocha. Leis an reachtaíocht sin go léir, bhí gá le mionscrúdú a dhéanamh ar impleachtaí an athraithe dhigitigh dár ndaonlathais agus dár gcearta bunúsacha. Tá an tAontas Eorpach ar thús cadhnaíochta agus é ag déanamh machnamh ar conas is féidir a áirithiú go gcoinneoidh earnáil dhigiteach bhríomhar muinín na saoránach agus na dtomhaltóirí. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé go mbeimid in ann, mar gheall ar chomhordú laistigh den Choimisiún, díriú ar a áirithiú go gcuirfear an mhór-reachtaíocht maidir leis an mbeartas digiteach a glacadh le déanaí chun feidhme go héifeachtach, agus ar an bpeirspictíocht níos leithne sin a choinneáil de réir mar a fhorbraítear ár mbeartas digiteach.

Ba cheart an cur chuige sin a léiriú go hiomlán trí chomhsheasmhacht idir an reachtaíocht agus comhlíonadh na gceart bunúsach agus an phríobháideachais. Mar a leagtar amach sa fhreagra uaim ar cheist 7, bheinn tiomanta leabhar rialacha digiteach comhleanúnach a chur chun feidhme, lena gcoinneofaí na caighdeáin is airde maidir le hurraim do chearta bunúsacha. Leis an reachtaíocht dhigiteach nua, leathnaíodh tírdhreach na n-údarás éagsúil atá freagrach as an gcur chun feidhme, agus chuaigh comhlachtaí, an Grúpa Ardleibhéil Ardleibhéil le haghaidh an Ghnímh um Margaí Digiteacha, an Bord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha, agus an Bord Eorpach um an Intleacht Shaorga,mar shampla, isteach sna húdaráis agus sna comhlachtaí cosanta sonraí a dhéanann maoirseacht ar an reachtaíocht maidir le ríomhphríobháideachas. Tá gairm choiteann ag na comhlachtaí sin chun tuairimí a mhalartú maidir le saincheisteanna coiteanna agus cuireann siad comhairle agus saineolas ar fáil chun cur chuige rialála comhsheasmhach a chur chun cinn, ach ní mór dúinn a áirithiú go bhfuil freagrachtaí soiléir, agus foghlaim fhrithpháirteach agus cumarsáid éifeachtach idir na comhlachtaí éagsúla lena mbaineann á gcur chun cinn san am céanna. Tá ról tábhachtach ag an gCoimisiún maidir le cur chuige réamhghníomhach a chur ar fáil chun tacú le comhordú.

Sheasfainn le cearta bunúsacha an Aontais ar na caighdeáin is airde agus reachtaíocht á forfheidhmiú. Mar shampla, cé nach rialaítear ábhar ar líne leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, ach an fhreagracht atá ar na hardáin ar líne as na córais atá i bhfeidhm acu, tá coimircí ann chun an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a chosaint. Tá oibleagáidí breise ar Ardáin an-Mhór ar Líne chun rioscaí tromchúiseacha, cuir i gcás an bhréagaisnéis, a mheas agus a mhaolú, chomh maith le bearta a dhéanamh chun a áirithiú nach mbeidh sé éasca ábhar a mhearscaipeadh. Mar a luaitear sa fhreagra uaim ar cheist 7, d'fhéadfadh an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha an t-idirlíon a dhéanamh níos sábháilte do shaoránaigh an Aontais: tugann sé níos mó cumhachta agus trédhearcachta do shaoránaigh agus tugann sé deis don tsochaí shibhialta agus do thaighdeoirí rioscaí sistéamacha a shainaithint agus a mharcáil. I gcás an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, maidir leis na húdaráis phoiblí uile a úsáideann intleacht shaorga ar bhealaí a d'fhéadfadh rioscaí a chruthú, ní mór dóibh measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar chearta bunúsacha. Má bhaineann próiseáil sonraí pearsanta le húsáid intleachta saorga den sórt sin, beidh ar na húdaráis sin measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh faoi RGCS freisin, más dócha go mbeidh ardriosca ann do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha mar thoradh ar an bpróiseáil. Arís, ba cheart gurb é ról an Choimisiúin tacú le cur chun feidhme éifeachtach na rialacha sin trí chomhordú praiticiúil agus trí threoir éifeachtach.

Tá sé práinneach an chothromaíocht cheart a aimsiú idir an ceart chun príobháideachais agus cosaint sonraí agus leasanna poiblí na slándála agus an cheartais. Ní mór dúinn a áirithiú gur féidir le húdaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha oibriú go héifeachtach sa ré dhigiteach. Is féidir deacrachtaí a bheith ann maidir le ciontóirí a thabhairt chun cuntais, i gcás ina n-úsáideann ciontóirí seirbhísí ar líne atá ceaptha chun príobháideachas a áirithiú chun gníomhaíochtaí coiriúla a cheilt. Dhéanfainn scrúdú ar conas na huirlisí cearta a thabhairt d'údaráis forfheidhmithe dlí agus do na breithiúna, agus cearta bunúsacha á gcosaint san am céanna, agus gan leochaileachtaí nua a chruthú maidir leis an gcibearshlándáil. D'áiritheoinn go ndéanfaí aon réiteach dlíthiúil nó teicniúil maidir le rochtain dhleathach ar shonraí a fhorbairt go cúramach leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir.